AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2012) XXX draft

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE**

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE**

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS THEICNIÚIL ATÁ LE CUR AR FÁIL AG AN MONARÓIR

## 1. TREALAMH UM CHOSCÁNÚ

### 1.1. PRÍOMHCHOSCÁNÚ

– Tuairisc ghinearálta, lena n-áirítear coscánú tánaisteach/coscánú éigeandála agus an fhéidearthacht iad a thástáil ar bhinse tástála coscán de chineál rollach caighdeánach

– Cumrú an chórais

– Rialú an choscáin

– Comhla mheasta ualaigh: suíomh agus gnéithe oibre

– Fórsaí tagartha

– Drumaí

– Dioscaí

– Líneáil coscáin agus pillíní coscáin

– Coscánú neomatach

– Coscánú hiodrálach

### 1.2. AN COSCÁN LÁIMHE

– Tuairisc ghinearálta

– Rialú an choscáin láimhe

– Acastóir(í) mar a gcuirtear an coscán láimhe ag obair

– Coscán láimhe a oibrítear go leictreonach

### 1.3. COSCÁIN BHUANSEASMHACHTA

– Tuairisc ghinearálta

– Rialú an choscáin

### 1.4. CÓRAIS BHAINISTÍOCHTA LEICTREONAÍ

– ABS (córas coscánaithe frithghlasála)

– BAS (córas cúnaimh coscáin)

– ESC (córas leictreonach rialaithe cobhsaíochta)

– EBS (córas coscánaithe leictreonaigh)

### 1.5. COSCÁIN LEANTÓIRÍ

– Cúpláil do choscáin leantóirí: tuairisc ghinearálta

– Tuairisc ar an gcóras sábháilteachta

## 2. STIÚRADH

– Tuairisc ghinearálta ar an gcóras

– Prionsabal oibre

– Suíomh chás an ghairis stiúrtha

– Prionsabal an chumhachtstiúrtha

– Trastomhas an rotha stiúrtha

– Rialú leictreonach an chórais stiúrtha

– Gnéithe breise leictreonacha

## 3. INFHEICTHEACHT

### 3.1. GLOINÍ

– Gaothscáth

– Gloine eile ar an taobh amuigh (seachas díon gréine)

– Sun roof

– Gloine ar an taobh istigh

– Gloine atá ina bealach éalaithe

### 3.2. SCÁTHÁIN CHÚLRADHAIRC

- Líon na bhfeistí
- Catagóirí
- Suíomh na bhfeistí
- Marc formheasa

### 3.3. Cuimilteoirí gaothscátha

- Líon na bhfeistí
- Fad lanna na gcuimilteoirí

### 3.4. Niteoirí gaothscátha

- Líon na bhfeistí

### 3.5. Córas dínéalaithe

- Prionsabal na hoibríochta

## 4. LAMPAÍ, FRITHCHAITEOIRÍ AGUS TREALAMH LEICTREACH

### 4.1. Ceannlampaí

- Príomhléas (léas ard)
- Léas tardhula (léas íseal)

### 4.2. Lampaí tosaigh agus lampaí cúil, taobhlampaí marcála agus lampaí marcála imlíne deiridh

- Lampaí tosaigh
- Lampaí cúil
- Taobhlampaí marcála
- Lampaí marcála imlíne ag ceann tosaigh na feithicle
- Lampaí marcála imlíne fhoirceann cúil na feithicle

### 4.3. Lampaí coscáin

- Líon na bhfeistí
- Suíomh na bhfeistí
- Foinse an tsolais
- Marc formheasa
- Soilse coscáin oiriúnaitheacha

### 4.4. TREOTHÁSCAIRE AGUS LAMPAÍ GUAISE

– Líon na bhfeistí

– Suíomh na bhfeistí

– Foinse an tsolais

– Marc formheasa

– Lampa leideora

– Prionsabal maidir leis na lampaí rabhaidh a chur ar siúl

### 4.5. LAMPAÍ CEO TOSAIGH AGUS CÚIL

– Lampaí ceo tosaigh

– Lampaí ceo cúil

– Líon na bhfeistí

### 4.6. LAMPAÍ CÚLAITHE

– Líon na bhfeistí

– Suíomh na bhfeistí

– Foinse an tsolais

– Marc formheasa

### 4.7. LAMPA UIMHIRPHLÁTA CÚIL

– Líon na bhfeistí

– Suíomh na bhfeistí

– Foinse an tsolais

– Marc formheasa

### 4.8. AIS-FHRITHCHAITEOIRÍ, FRITHCHAITEOIRÍ TAOIBH AGUS PLÁTAÍ MARCÁLA CÚIL

– Ais-fhrithchaiteoirí tosaigh

– Ais-fhrithchaiteoirí cúil

– Ais-fhrithchaiteoirí taoibh

– Plátaí marcála cúil

### 4.9. NAISC LEICTREACHA IDIR FEITHICLÍ TARRAINGTHE AGUS FEITHICLÍ AR TARRAINGT

– Léaráid de na naisc

– Caighdeán na nasc

### 4.10. LAMPAÍ NEAMHÉIGEANTACHA

– Liosta de lampaí neamhéigeantacha

– Suíomh na bhfeistí

– Marc formheasa

### 4.11. CEALLRA

– Líon na bhfeistí

– Voltas (V)

– Acmhainneacht (aimpéaruaire)

– Suíomh na bhfeistí

### 4.12. CÓRAIS SOILSIÚCHÁIN A OIBRÍTEAR GO LEICTREONACH

– Tuairisc ghinearálta

## 5. ACASTÓIRÍ, ROTHAÍ, BOINN AGUS CROCHADH

### 5.1. ACASTÓIRÍ

– Tuairisc ghinearálta

### 5.2. ROTHAÍ

– Toise

– Ábhar

### 5.3. BOINN

– Líon

– Socrú an umair

– Toise

– Catagóir luais

– Treoiruimhir acmhainne ualaigh

– Uimhir an rotha spártha

– Toise an rotha spártha

– Feistí eile atá coibhéiseach leis an roth spártha

### 5.4. Crochadh

– Tuairisc ghinearálta ar an gcóras

– Spriongaí

– Maolairí turrainge

– Barraí cobhsaithe

– Aerchrochadh

– Rialú leictreonach an chrochta

## 6. FONNADH AGUS FEISTIS FONNAIDH

### 6.1. Fonnadh nó feistis fráma

– Tuairisc ghinearálta

### 6.2. Umar breosla agus píopaí breosla

– Líon na n-umar breosla

– Tuairisc ghinearálta ar na humair

– Dáta éagtha an umair (más infheidhme)

– Socrú an umair

– Toilleadh

– Marcáil

– Dóigheanna cosanta

– Tuairisc ghinearálta ar na píopaí breosla

### 6.3. Tuairteoirí, cosaint chliathánach agus feistí fobharra cúil

– Cosaint fobharra tosaigh

– Cosaint chliathánach

– Feiste fobharra cúil

### 6.4. Iomprán an rotha spártha

– Suíomh

### 6.5. MEICNÍOCHTAÍ CÚPLÁLA AGUS TREALAMH TARRAINGTHE

– Meicníochtaí cúplála

– Trealamh tarraingthe

### 6.6. TRAISEOLADH

– Tuairisc ghinearálta

– Cineál athraithe giair

– Líon na n-athruithe

– Difreálaigh/difreálaigh féinbhacainneacha

– Líon na n-acastóirí cumhachtaithe

– Modhanna oibre an traiseolta

– Crág: tuairisc ghinearálta

– Bainistiú leictreonach an traiseolta

### 6.7. GLÉASADH INNILL

– Tuairisc ghinearálta

### 6.8. CÁBÁN AGUS CABHALRA

– Tuairisc ghinearálta

– Doirse

– Suíocháin

– Céimeanna chuig an gcábán

– Feistis inmheánacha agus sheachtracha eile agus trealamh eile

– Pludghardaí, feistí frithcháite

## 7. TREALAMH EILE

### 7.1. CRIOSANNA SÁBHÁLA

– Catagóir an chreasa sábhála do gach suíochán

– Marc formheasa

– Réamhtheannasóir piortheicniúil

### 7.2. MÁLAÍ AEIR

– Líon na ndingeacha agus mar atá siad socraithe

– Marcáil

– Lampa leideora

– Díghníomhachtóir mhála aeir an phaisinéara

**7.3. MÚCHTÓIR DÓITEÁIN**

– Líon na ndingeacha agus mar atá siad socraithe

– Catagóirí

**7.4. FEISTE FRITHGHADAÍOCHTA**

– An rialtán a chuireann an fheiste bac leis

**7.5. DINGEACHA DO ROTHAÍ**

– Líon na ndingeacha agus mar atá siad socraithe

**7.6. FEISTE RABHAIDH INCHLOISTE**

– Uimhir agus suíomh na feiste

– Marc formheasa

– Leibhéal fuaime (dB(A))

**7.7. LUASMHÉADAR**

– Aonaid (km/u nó míle/u)

– Uasluas arna thaispeáint (km/u nó míle/u)

– Rannán

**7.8. TACAGRAF**

– Déantús agus múnla

– Marc formheasa

– Sraithuimhir

– Suíomh na séalaí

– Suíomh phláta na sonraí

**7.9. TEORANTÓIR LUAIS**

– Socrú luais

– Déantús agus múnla

– Socrú na nascóirí don iniúchadh

– (rothluithe/km nó ríoga/km)

– w (rothluithe/km nó ríoga/km)

– Suíomh phláta na sonraí

### 7.10. ODAIMÉADAR

– Líon na ndigití

## 8. NÚIS

### 8.1. TORANN

– Tuairisc ghinearálta ar na córais agus na feistí atá ceaptha an torann ón bhfeithicil a laghdú

– Leibhéal fuaime nuair atá an fheithicil ina stad (dB(A) @ min-1)

– Leibhéal fuaime nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht thar bráid (dB(A))

– Líon na gciúnadóirí ar an sceithphíopa

– Suíomh na gciúnadóirí ar an sceithphíopa

– Marcáil na gciúnadóirí ar an sceithphíopa

### 8.2. ASTAÍOCHTAÍ Ó INNILL PHEITRIL

– CO (g/km nó g/kWh)

– CO ag luas réchasta ( % de réir toirte)

– CO ag luas ard réchasta ( % de réir toirte @ min-1)

– HC ag luas ard réchasta ( % de réir toirte @ min-1)

– Lambda ag luas ard réchasta (min-1)

– HC (g/km nó g/kWh)

– NOx (g/km nó g/kWh)

– HC + NOx (g/km)

– CO2 (g/km)

– Tásc ar chatagóir comhshaoil an chineálcheadaithe CE

– Cineál an nascóra diagnóisigh ar bord (DAB) agus suíomh an nascóra sin

– Prótacal cumarsáide DAB

– Trealamh rialaithe astaíochtaí atá suiteáilte san fheithicil

– Suíomh an trealaimh rialaithe astaíochtaí atá suiteáilte san fheithicil

– Marcáil an tiontaire catalaíoch

– Líon na mbraiteoirí lambda

**8.3. ASTAÍOCHTAÍ Ó INNILL DÍOSAIL**

– CO (g/km nó g/kWh)

– HC (g/km nó g/kWh)

– NOx (g/km nó g/kWh)

– HC + NOx (g/km)

– CO2 (g/km)

– Cáithníní le haghaidh díosail (g/km nó g/kWh)

– Comhéifeacht ionsúcháin cheartaithe le haghaidh díosail (sa nóiméad) (teimhneacht)

– Tásc ar chatagóir comhshaoil an chineálcheadaithe CE

– Nascóir DAB

– Prótacal cumarsáide DAB

– Trealamh rialaithe astaíochtaí atá suiteáilte san fheithicil

– Suíomh an trealaimh rialaithe astaíochtaí atá suiteáilte san fheithicil

– Marcáil an tiontaire catalaíoch

– Marcáil an ghaiste cáithníní

**8.4. SOCHTADH TRASNAÍOCHTA LEICTREAMAIGHNÉADAÍ**

– Tuairisc ar ghnéithe sreangaithe na spréachphlocóidí

– Marcáil shreangú na spréachphlocóidí

IARSCRÍBHINN II

## ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE hINNEACHAR NA dTÁSTÁLACHA AGUS MODHANNA NA TÁSTÁLA

## 1. GINEARÁLTA

San Iarscríbhinn seo, sonraítear na córais agus na comhpháirteanna feithicle atá le tástáil; leagtar amach go mionsonraithe ann an modh tástála agus na critéir atá le cur i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil bail na feithicle inghlactha.

Ní mór na míreanna a liostaítear i bpointe 3 thíos a chumhdach sa tástáil ar a laghad, ar choinníoll go mbaineann na míreanna sin le trealamh feithicle atá á tástáil sa Bhallstát lena mbaineann.

Déanfar na tástálacha le teicnící agus trealamh atá ar fáil faoi láthair gan uirlisí a úsáid chun aon chuid den fheithicil a dhíchóimeáil nó a bhaint.

Measfar go bhfuil na míreanna ar fad atá liostaithe sainordaitheach i gcás tástála tréimhsiúla feithiclí, seachas na míreanna sin a bhfuil an comhartha (X) luaite leo, ar míreanna iad a bhaineann le bail na feithicle agus le chomh hoiriúnach atá sí le húsáid ar na bóithre ach nach meastar a bheith riachtanach i dtástáil ródacmhainneachta.

Níl feidhm ag "cúiseanna mainneachtana" i gcás ina dtagraíonn na cúiseanna sin do cheanglais nach raibh leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha maidir le formheas feithiclí nuair a cláraíodh an fheithicil an chéad uair, nuair a cuireadh an fheithicil i seirbhís den chéad uair nó i gcás ina dtagraíonn siad do cheanglais iarfheistithe.

Nuair a deirtear gurb é amharciniúchadh an modh tástála, is ionann sin is a rá go ndéanfaidh an cigire, más iomchuí, mar aon le hamharc ar na míreanna i gceist, iad a láimhseáil, an torann a mheasúnú nó aon mhodh iomchuí eile iniúchta a úsáid nach bhfuil trealamh ag teastáil lena aghaidh.

## 2. RAON FEIDHME NA TÁSTÁLA

Cumhdófar ar a laghad na heilimintí seo a leanas sa tástáil:

0) Sainaithint na feithicle;

1) Trealamh um choscánú;

2) Stiúradh;

3) Infheictheacht;

4) Trealamh soilsiúcháin agus codanna den chóras leictreach;

5) Acastóirí, rothaí, boinn agus crochadh;

6) Fonnadh agus feistis fonnaidh;

7) Trealamh eile;

8) Núis;

9) Tástálacha breise i gcás feithiclí M2 agus M3 a iompraíonn paisinéirí.

## 3. INNEACHAR NA dTÁSTÁLACHA AGUS MODHANNA TASTÁLA

Cumhdóidh an tástáil ar a laghad na míreanna atá liostaithe sa tábla thíos agus úsáidfear na híoschaighdeáin agus na modhanna atá liostathe ann freisin:

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| **0. SAINAITHINT NA FEITHICLE** | | |
| 0.1. Uimhirphlátaí clárúcháin (má cheanglaítear sin)[(1)] | Amharciniúchadh | (a) Uimhirphláta/uimhirphlátaí in easnamh nó greamaithe go neamhdhaingean den fheithicil sa dóigh is gur dócha go dtitfidh siad.<br>(b) Inscríbhinn in easnamh nó doléite.<br>(c) Ar neamhréir le doiciméid nó le taifid na feithicle. |
| 0.2. Uimhir fonnaidh nó sraithuimhir aitheantais na feithicle | Amharciniúchadh | (a) In easnamh nó ní féidir teacht uirthi.<br>(b) Neamhiomlán, doléite.<br>(c) Ar neamhréir le doiciméid nó le taifid na feithicle. |
| **1. TREALAMH UM CHOSCÁNÚ** | | |
| 1.1. Bail mheicniúil agus oibriú | | |
| 1.1.1. Troitheán an phríomhchoscáin/ maighdeog an lámhluamháin | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú.<br>*Tabhair faoi deara*: Ba cheart feithiclí a bhfuil córais choscánaithe cumhachtchúnta acu a iniúchadh agus an t-inneall múchta. | (a) Maighdeog rótheann.<br>(b) Róchaitheamh nó róligean. |
| 1.1.2. Bail troitheáin/lámhluamháin agus cúrsa na feiste oibrithe coscáin | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú.<br>*Tabhair faoi deara*: Ba cheart feithiclí a bhfuil córais choscánaithe cumhachtchúnta acu a iniúchadh agus an t-inneall múchta. | (a) Cúlchúrsa iomarcach nó neamhleor.<br>(b) Rialtán an choscáin gan a bheith ag scaoileadh go ceart.<br>(c) Socrú frithshleamhnánach ar throitheán an choscáin in easnamh, í scaoilte nó sleamhain ó chaitheamh. |
| 1.1.3. Folúschaidéal nó comhbhrúiteoir agus taiscumair | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna ag an ngnáthbhrú oibre. Seiceáil an méid ama is gá chun luach oibrithe sábháilte a bhaint amach i gcás folúsbhrú nó aerbhrú, agus seiceáil go bhfuil an feiste rabhaidh, an chomhla chosanta il-chiorcaid agus an chomhla faoisimh brú ag feidhmiú. | (a) Brú/folús neamhleor chun cúnamh a thabhairt i gcás dhá fheidhm choscánaithe ar a laghad, i ndiaidh oibriú na feiste rabhaidh (nó ar nochtadh d'áireamh contúirte ar an tomhsaire).<br>(b) Ta an t-am is gá chun aerbhrú/folús a thabhairt go luach oibrithe sábháilte ar neamhréir leis na |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | ceanglais[1]<br><br>(c) An chomhla chosanta ilchiorcaid nó an chomhla faoisimh brú a bheith neamhoibríoch.<br><br>(d) Sceitheadh aeir ina chúis le maolú suntasach brú nó sceitheanna aeir inchloiste<br><br>(e) Damáiste ar an taobh amuigh is dóigh a dhéanfaidh dochar d'fheidhmiú an chórais choscánaithe. |
| 1.1.4. Tomhsaire nó táscaire rabhaidh lagbhrú | Seiceáil fheidhmiúil | Tomhsaire nó táscaire mífheidhmiúil nó lochtach. |
| 1.1.5. Lámhchomhla rialaithe coscánaithe | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) Rialtán scoilte, millte nó róchaite.<br><br>(b) An rialtán ar an gcomhla a bheith neamhdhaingean nó an chomhla neamhdhaingean.<br><br>(c) Naisc scaoilte nó sceitheanna sa chóras.<br><br>(d) Oibriú míshásúil. |
| 1.1.6. Gníomhachtóir an choscáin láimhe, luamhán rialaithe, raicín coscáin láimhe, coscán láimhe leictreonach | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) Níl an raicín ag greamú go ceart.<br><br>(b) Maighdeog an luamháin nó meicníocht an raicín róchaite.<br><br>(c) Róghluaiseacht luamháin a léiríonn oiriúnú mícheart<br><br>(d) Gníomhactóir in easnamh, millte nó neamhoibríoch<br><br>(e) Feidhmiú mícheart, léiríonn táscaire rabhaidh mífheidhm |
| 1.1.7. Comhlaí coscánaithe (comhlaí coise, comhlaí dí-ualaithe, rialtóirí) | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) Comhla millte nó rósceitheadh aeir.<br><br>(b) Róscaoileadh ola ó chomhbhrúiteoir.<br><br>(c) Comhla neamhdhaingean nó suite go mícheart.<br><br>(d) Scaoileadh nó sceitheadh leachta hiodrálaigh. |
| 1.1.8. Cúpláin le haghaidh coscán leantóra (leictreach agus neomatach) | Dínasc agus athnasc cúplán an chórais choscánaithe idir an fheithicil tarraingthe agus an leantóir. | (a) Tapa nó comhla fhéinséalaitheach a bheith lochtach.<br><br>(b) Tapa nó comhla neamhdhaingean nó suite go mícheart.<br><br>(c) Sceitheanna iomarcacha.<br><br>(d) Ag feidhmiú go mícheart |
| 1.1.9. Taiscumar stórála fuinnimh, brú-umar | Amharciniúchadh. | (a) Umar millte, creimthe nó silteach. |

| Mír | | Modh | Cúiseanna mainneachtana | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | (b) | Feiste draenála neamhoibríoch |
| | | | (c) | Umar neamhdhaingean nó suite go mícheart. |
| 1.1.10. | Aonaid seirbheachoscánaithe, príomhshorcóir (córais hiodrálacha) | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Aonad seirbheachoscánaithe lochtach nó mí-éifeachtach. |
| | | | (b) | Príomhshorcóir lochtach nó silteach. |
| | | | (c) | An príomhshorcóir neamhdhaingean |
| | | | (d) | Leacht coscán neamhleor. |
| | | | (e) | Caidhp thaiscumar an phríomhshorcóra in easnamh. |
| | | | (f) | Solas rabhaidh an leachta coscán ar lasadh nó lochtach. |
| | | | (g) | Feidhmiú mícheart na feiste rabhaidh maidir le leibhéil an leachta coscán. |
| 1.1.11. | Píopaí coscánaithe righne | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Gar-bhaol cliste nó briste |
| | | | (b) | Píopaí nó naisc a bheith silteach. |
| | | | (c) | Píopaí millte nó róchreimthe. |
| | | | (d) | Píopaí as áit. |
| 1.1.12. | Osáin choscánaithe sholúbtha | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Gar-bhaol cliste nó briste |
| | | | (b) | Osáin millte, ar cuimilt, casta nó róghearr |
| | | | (c) | Osáin nó naisc a bheith silteach. |
| | | | (d) | Osáin ag boilsciú agus iad faoi bhrú. |
| | | | (e) | Osáin a bheith scagach. |
| 1.1.13. | Líneálacha coscáin agus pillíní coscáin | Amharciniúchadh. | (a) | Líneáil nó pillín róchaite |
| | | | (b) | Líneáil nó pillín éillithe (ola, gréisc etc.). |
| | | | (c) | Líneáil nó pillín in easnamh |
| 1.1.14. | Drumaí coscánaithe, dioscaí coscánaithe | Amharciniúchadh. | (a) | Druma nó diosca róchaite, róscríobtha, scoilte, neamhdhaingean nó briste. |
| | | | (b) | Druma nó diosca éillithe (ola, gréisc etc.). |
| | | | (c) | Druma nó diosca in easnamh |
| | | | (d) | Pláta cúil neamhdhaingean. |
| 1.1.15. | Cáblaí coscánaithe, slata, luamháin, | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Cábla millte nó in aimhréidh. |

| Mír | | Modh | Cúiseanna mainneachtana | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | nascálacha | | (b) | Comhpháirt róchaite nó creimthe. |
| | | | (c) | Cábla, slat nó alt a bheith neamhdhaingean. |
| | | | (d) | Treoraí cábla lochtach. |
| | | | (e) | Srian le saorghluaiseacht an chórais choscánaithe. |
| | | | (f) | Gluaiseacht mhínormálta na luamhán/na nascála a léiríonn mí-oiriúint nó róchaitheamh. |
| 1.1.16. | Gníomhróirí coscáin (lena n-áirítear coscáin sprionga nó sorcóirí hiodrálacha) | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Gníomhróir scoilte nó millte. |
| | | | (b) | Gníomhróir a bheith silteach. |
| | | | (c) | Gníomhróir neamhdhaingean nó suite go mícheart. |
| | | | (d) | Gníomhróir róchreimthe. |
| | | | (e) | Cúrsa neamhleor nó iomarcach ag loine oibríoch nó ag meicníocht scannáin. |
| | | | (f) | Clúdach deannaigh in easnamh nó rómhillte. |
| 1.1.17. | Comhla mheasta ualaigh | Amharciniúchadh ar na comhpháirteanna agus an córas coscánaithe ag oibriú. | (a) | Nascáil lochtach. |
| | | | (b) | Nascáil oirúnaithe go mícheart. |
| | | | (c) | Comhla stalctha nó neamhoibríoch. |
| | | | (d) | Comhla in easnamh. |
| | | | (e) | Pláta sonraí in easnamh. |
| | | | (f) | Sonraí doléite nó ar neamhréir leis na ceanglais(1) |
| 1.1.18. | Ceartaitheoirí agus táscairí ligin | Amharciniúchadh. | (a) | Ceartaitheoir millte, stalctha nó gluaiseacht mhínormálta faoi, róchaite nó oiriúnaithe go mícheart. |
| | | | (b) | Ceartaitheoir lochtach. |
| | | | (c) | Suiteáilte nó ionadaithe go mícheart. |
| 1.1.19. | Córas coscánaithe buanseasmhachta (má tá sé feistithe nó má cheanglaítear sin) | Amharciniúchadh. | (a) | Nascóirí nó gléasanna suite neamhdhaingean. |
| | | | (b) | Is léir go bhfuil an córas lochtach nó in easnamh. |
| 1.1.20. | Uathoibríocht coscán leantóra | Dínasc cúplán an choscáin idir an fheithicil tarraingthe agus an leantóir. | Ní fheidhmíonn an coscán leantóra go huathoibríoch agus an cúplán dínasctha. | |
| 1.1.21. | Córas coscánaithe iomlán | Amharciniúchadh | (a) | An taobh amuigh d'fheistí córais eile (e.g. caidéal frithreo, aerthriomaitheoir etc.) millte nó |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | róchreimthe sa dóigh is go ndéantar dochar don chóras coscánaithe.<br>(b) Aer nó oibreán frithreo ag sceitheadh amach.<br>(c) Aon chomhpháirt a bheith neamhdhaingean nó suite go mícheart.<br>(d) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta ar aon chomhpháirt[1] |
| 1.1.22. Naisc thástála (má tá siad feistithe nó má cheanglaítear iad) | Amharciniúchadh | (a) In easnamh.<br>(b) Millte, do-úsáidte nó silteach. |
| 1.2. Feidhmíocht agus éifeachtúlacht an phríomhchoscánaithe | | |
| 1.2.1. Feidhmíocht | Le linn tástála ar mheaisín tástála coscán statach nó, murar féidir é sin a dhéanamh, teann na coscáin diaidh ar ndiaidh go lániarracht le linn tástála bóthair. | (a) Iarracht choscánaithe neamhleor i gcás rotha nó níos mó ná roth amháin.<br>(b) Tá iarracht choscánaithe aon rotha faoi bhun 70 % den uas-iarracht arna taifeadadh sa roth eile ar an acastóir céanna. Nó i gcás tástála ar an mbóthar, tá an fheithicil ag dul rófhada i leataobh ó líne dhíreach.<br>(c) Gan aon athrú céimseach ar an iarracht choscánaithe (greim tobann).<br>(d) Moilliú mínormálta le hoibriú coscánaithe aon rotha.<br>(e) Róluainiú fórsa coscánaithe le linn gach imrothlaithe iomláin rotha. |
| 1.2.2. Éifeachtúlacht | Déan an tástáil le meaisín tástála coscán statach nó, murar féidir ceann a úsáid ar chúiseanna teicniúla, déan tástáil bóthair le luasmhoilliméadar chun an cóimheas coscánaithe a thomhas maidir leis an uasmhais údaraithe nó, i gcás leathleantóirí, maidir le hiomlán na n-ualaí údaraithe acastóra.<br>Ní mór feithiclí nó leantóirí a sháraíonn a n-uasmhais ceadaithe 3500 kg a iniúchadh de réir na gcaighdeán arna leagan amach ag ISO 21069 nó de réir modhanna coibhéiseacha.<br>Ba cheart tástálacha bóthair a dhéanamh in aimsir thirim ar bhóthar díreach cothrom. | Ní bhaintear amach an t-íosfhigiúr mar a leanas ar a laghad:-<br>Feithiclí arna gclárú den chéad uair tar éis theacht i bhfeidhm Threoir 2010/48/AE:<br>– Catagóir N1: 50 %<br>– Catagóir M1: 58 %<br>– Catagóirí M2 agus M3: 50 %<br>– Catagóirí N2 agus N3: 50 %<br>– Catagóirí O2, O3 agus O4:<br>• leathleantóirí: 45%<br>• leantóirí le barra tarraingthe: 50% |

[1] Ciallaíonn deisiú míchuí nó modhnú míchuí deisiú nó modhnú a dhéanann dochar do shábháilteacht na feithicle ar bhóithre nó deisiú nó modhnú a fhágann ainiarsma ar an gcomhshaol.

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | Feithiclí arna gclárú roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2010/48/AE:<br>Catagóir N1: 45%<br>Catagóirí M1, M2 agus M3: 50% [2]<br>Catagóirí N2 agus N3: 43% [3]<br>Catagóirí O2, O3 agus O4: 40% [4]<br>Catagóirí eile:<br>- Catagóirí L (an dá choscán):<br>Catagóir L1e: 42 %<br>Catagóirí L2e, L6e: 40 %<br>Catagóir L3e: 50 %<br>Catagóir L4e: 46 %<br>Catagóirí L5e, L7e: 44 %<br>- Catagóirí L (coscán an rotha cúil):<br>gach catagóir: 25 % |
| 1.3. Feidhmíocht agus éifeachtúlacht an choscánaithe thánaistigh (éigeandála) (más córas ar leith é) | | |
| 1.3.1. Feidhmíocht | Má tá an córas coscánaithe thánaistigh ar leithligh ó chóras an phríomhchoscánaithe, úsáid an modh atá sonraithe in 1.2.1. | (a) Iarracht choscánaithe neamhleor i gcás rotha nó níos mó ná roth amháin.<br>(b) Tá iarracht choscánaithe aon rotha faoi bhun 70 % den uas-iarracht arna taifeadadh sa roth eile ar an acastóir sonraithe céanna. Nó i gcás tástála ar an mbóthar, tá an fheithicil ag dul rófhada i leataobh ó líne dhíreach.<br>(c) Gan aon athrú céimseach ar an iarracht choscánaithe (greim tobann). |
| 1.3.2. Éifeachtúlacht | Má tá an córas coscánaithe thánaistigh ar leithligh ó chóras an phríomhchoscánaithe, úsáid an modh atá sonraithe in 1.2.2. | Iarracht chosánaithe faoi bhun 50 %[5] d'fheidhmíocht an phríomhchoscáin arna sainiú i roinn 1.2.2 i gcoibhneas leis an uasmhais údaraithe nó, i gcás leathleantóirí, i gcoibhneas le hiomlán na n-ualaí údaraithe acastóra.<br>(seachas L1e agus L3e). |
| 1.4. Feidhmíocht agus éifeachtúlacht an chosánaithe láimhe | | |
| 1.4.1. Feidhmíocht | Teann an coscán le linn tástála ar mheaisín tástála coscán statach agus/nó le linn tástála bóthair le luasmhoilliméadar. | Coscán neamhoibríoch ar thaobh amháin nó, i gcás tástála ar an mbóthar, tá an fheithicil ag dul rófhada i leataobh ó líne dhíreach. |
| 1.4.2. Éifeachtúlacht | Tástáil le meaisín tástála coscán statach nó le tástáil bóthair le luasmhoilliméadar táscach nó | I gcás gach catagóire feithicle, ní bhaintear |

[2] 48 % i gcás feithiclí nár feistíodh córas coscánaithe frithghlasála orthu nó nár cineálcheadaíodh roimh an 1 Deireadh Fómhair 1991

[3] 45 % i gcás feithiclí a cláraíodh tar éis 1988 nó ón dáta arna shonrú sna ceanglais, cibé acu is déanaí.

[4] 43 % i gcás leathleantóirí agus leantóirí le barra tarraingte a cláraíodh tar éis 1988 nó ón dáta arna shonrú sna ceanglais, cibé acu is déanaí.

[5] 2.2m/s$^2$ i gcás feithiclí N1, N2 agus N3.

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | taifeadta nó leis an bhfeithicil le fána arb eol a ghrádán. Ba cheart, más féidir, feithiclí earraí a thástáil agus iad ualaithe. | amach ar a laghad cóimheas coscánaithe 16 % i gcoibhneas leis an uasmhais údaraithe, nó, i gcás mótarfheithiclí, ar a laghad 12 % i gcoibhneas le huasmhais údaraithe iomlán na feithicle, cibé acu is mó<br><br>(seachas L1e agus L3e). |
| 1.5. Feidhmíocht an chórais choscánaithe buanseasmhachta | Amharciniúchadh agus, más féidir, tástáil go bhfuil an córas ag feidhmiú. | (a) Gan aon athrú céimseach ar éifeachtúlacht (níl sin infheidhme i gcás córas coscánaithe sceite)<br><br>(b) Córas neamhfheidhmiúil. |
| 1.6. Córas Coscánaithe Frithghlasála (ABS). | Amharciniúchadh agus iniúchadh na feiste rabhaidh. | (a) Feiste rabhaidh mífheidhmiúil.<br><br>(b) Léiríonn feiste rabhaidh go bhfuil an córas mífheidhmiúil.<br><br>(c) Braiteoirí luais rothaí in easnamh nó millte<br><br>(d) Sreangú millte<br><br>(e) Comhpháirteanna eile in easnamh nó millte |
| 1.7 Córas coscánaithe leictreonaigh (EBS) | Amharciniúchadh ar an bhfeiste rabhaidh. | (a) Feiste rabhaidh mífheidhmiúil.<br><br>(b) Léiríonn feiste rabhaidh go bhfuil an córas mífheidhmiúil. |
| 1.8 Leacht coscán | Fiuchphointe nó cion uisce a thomhas | (a) Fiuchphointe an leachta coscán ró-íseal nó cion uisce ró-ard<br><br>(b) Leacht coscán éillithe<br><br>(c) Leacht coscán neamhleor. |
| **2. STIÚRADH** | | |
| 2.1. Bail mheicniúil | | |
| 2.1.1. Bail an fhearais stiúrtha | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus na rothaí bóthair ardaithe ón urlár nó ar chaschláir, rothlaigh an roth stiúrtha ó ghlasphointe go glasphointe. Amharciniúchadh ar oibriú an fhearais stiúrtha | (a) Oibriú an fhearais a bheith corrach.<br><br>(b) Seafta teascóige casta nó splíonaí caite.<br><br>(c) Róchaitheamh sa seafta teascóige.<br><br>(d) Róghluaiseacht an tseafta teascóige.<br><br>(e) Silteach. |
| 2.1.2. Feisteas cásála an fhearais stiúrtha | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus meáchan rothaí bóthair na feithicle ar an urlár, rothlaigh an roth stiúrtha/ an hanla ar deiseal agus ar tuathal nó úsáid brathadóir ligin rothaí atá sainoiriúnaithe . Amharciniúchadh ar fheistiú chásáil an fhearais ar an bhfonnadh. | (a) Cásáil an fhearais stiúrtha feistithe go mícheart.<br><br>(b) Fadú ar phoill na suiteach san fhonnadh.<br><br>(c) Boltaí socraithe in easnamh nó briste. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | (d) Cásáil an fhearais stiúrtha briste. |
| 2.1.3. Bail na náscála stiúrtha | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus an roth bóthair ar an urlár, luasc an roth stiúrtha ar deiseal agus ar tuathal nó úsáid brathadóir ligin rothaí atá sainoiriúnaithe . Amharciniúchadh na gcomhpháirteanna stiúrtha feiceáint an bhfuil siad caite, briste nó neamhdhaingean. | (a) Gluaiseacht choibhneasta idir comhpháirteanna is ceart a bheith do-bhogtha.<br>(b) Róchaitheamh ag ailt.<br>(c) Briseadh nó dífhoirmiú aon chomhpháirte.<br>(d) Feistí glasála in easnamh.<br>(e) Mí-ailíniú comhpháirteanna (e.g. conairshlat nó nasc tarraingthe)<br>(f) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta.<br>(g) Clúdach deannaigh in easnamh, millte nó meathlaithe go mór. |
| 2.1.4. Oibriú na náscála stiúrtha | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus na rothaí bóthair ar an urlár leis an inneall faoi thiomáint (cumhachtstiúradh), rothlaigh an roth stiúrtha ó ghlasphointe go glasphointe. Amharciniúchadh ar ghluaiseacht na nascálacha. | (a) Gluaiseacht náscála stiúrtha ag calcadh páirte suite den fhonnadh.<br>(b) Stopanna stiúrtha neamhoibríoch nó in easnamh. |
| 2.1.5. Cumhachtstiúradh | Seiceáil an bhfuil an córas stiúrtha silteach agus seiceáil leibhéal an leachta hiodrálaigh ar an taiscumar (más féidir é a fheiceáil). Agus na rothaí bóthair ar an urlár leis an inneall faoi thiomáint, seiceáil go bhfuil an córas cumhachtstiúrtha faoi thiomáint. | (a) Sceitheadh leachta.<br>(b) Easpa leachta.<br>(c) Meicníocht neamhoibríoch.<br>(d) Meicníocht briste nó neamhdhaingean.<br>(e) Mí-ailíniú nó calcadh comhpháirteanna.<br>(f) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta.<br>(g) Dochar do cháblaí/osáin nó iad róchreimthe. |
| 2.2. Roth stiúrtha, colún stiúrtha agus hanla | | |
| 2.2.1. Bail an rotha stiúrtha/an hanla | Agus na rothaí bóthair ar an urlár, luasc an roth stiúrtha ó thaobh go taobh ar dhronuillinn leis an gcolún agus brúigh síos agus aníos air rud beag. Amharciniúchadh ar an ligean. | (a) Gluaiseacht choibhneasta idir an roth agus an colún stiúrtha, rud a léiríonn scaoilteacht.<br>(b) Feiste coinnithe in easnamh ar mhol rotha stiúrtha.<br>(c) Mol, fonsa nó spócaí an rotha stiúrtha a bheith briste nó scaoilte |
| 2.2.2 Colún stiúrtha/cuingeacha agus gabhail | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus mais na feithicle ar an urlár, brúigh agus tarraing an roth stiúrtha ar chomhréir leis an gcolún agus brúigh an roth stiúrtha/an hanla i dtreoanna éagsúla ar dhronuillinn leis an gcolún/ leis na gabhail. Amharciniúchadh ar an | (a) Rógluaiseacht lár an rotha stiúrtha suas nó síos.<br>(b) Rógluaiseacht bharr an cholúin go gathach ó ais an cholúin. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | ligean, agus ar an mbail atá ar chúpláin sholúbtha agus ailt uilíocha. | (c) Cúplán solúbtha a bheith meathlaithe.<br>(d) Feisteas lochtach.<br>(e) Deisiú míchuí nó oiriúnú míchuí a bheith déanta. |
| 2.3 Ligean stiúrtha | Agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir agus mais na feithicle ar na rothaí bóthair, agus an inneall faoi thiomáint i gcás feithiclí a bhfuil cumhachtstiúradh acu, agus na rothaí bóthair dírithe chun tosaigh, tiontaigh an roth stiúrtha go héadrom ar deiseal agus ar tuathal a mhéid is féidir gan na rothaí bóthair a bhogadh. Amharciniúchadh ar shaorghluaiseacht. | Róligean saor sa stiúradh (mar shampla gluaiseacht pointe ar an bhfonsa thar aon chúigiú de thrastomhas an rotha stiúrtha) nó ar neamhréir leis na ceanglais(1). |
| 2.4. Ailíniú na rothaí (X)(2) | Seiceáil le trealamh oiriúnach ailíniú na rothaí atá stiúrtha . | Ailíniú ar neamhréir le sonraí monaróra na feithicle nó leis na ceanglais(1) |
| 2.5. Caschlár acastóir stiúrtha an leantóra | Amharciniúchadh nó iniúchadh le brathadóir ligin rothaí atá oiriúnaithe go cuí | (a) Comhpháirt millte nó scoilte.<br>(b) Róligean.<br>(c) Feisteas lochtach. |
| 2.6. Cumhachtstiúradh leictreonach (EPS) | Amharciniúchadh agus seiceáil comhsheasmhachta idir uillinn an rotha stiúrtha agus uillinn na rothaí nuair atá an t-inneall á chur ar siúl/á mhúchadh. | (a) Aon chineál mainneachtana i gcóras an chumhachtstiúrtha leictreonaigh a bheith léirithe ag an MIL.<br>(b) Neamh-chomhsheasmheacht idir uillinn an rotha stiúrtha agus uillinn na rothaí<br>(c) Cumhachtchúnamh neamhoibríoch. |
| **3. INFHEICTHEACHT** | | |
| 3.1. Réimse radhairc | Amharciniúchadh ó shuíochán an tiománaí. | Bac i réimse radhairc an tiománaí a chuireann as dá radharc chun tosaigh nó ar na taobhanna. |
| 3.2. Bail gloine | Amharciniúchadh. | (a) Gloine nó painéal trédhearcach (más ceadmhach) scoilte nó dídhaite.<br>(b) Gloine nó painéal trédhearcach (lena n-áirítear scannán frithchaiteach nó scannán imire) ar neamhréir le sonraíochtaí na gceanglas(1) (XX)(3).<br>(c) Bail dhoghlactha a bheith ar ghloine nó ar phainéal trédhearcach. |
| 3.3. Scátháin chúlradhairc nó feistí cúlradhairc | Amharciniúchadh. | (a) Scáthán nó feiste in easnamh nó feistithe ar neamhréir leis na ceanglais(1).<br>(b) Scáthán nó feiste neamhoibríoch, millte, scaoilte nó neamhdhaingean. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
| --- | --- | --- |
| | | |
| 3.4. Cuimilteoirí gaothscátha | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Cuimilteoirí neamhoibríoch nó in easnamh<br>(b) Lann cuimilteora in easnamh nó ar léir go bhfuil sé lochtach |
| 3.5. Niteoirí gaothscátha | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Niteoirí ag oibriú go míshásúil. |
| 3.6. Córas dínéalaithe (X)[2] | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | An córas neamhoibríoch nó é follasach go bhfuil sé lochtach. |
| **4. LAMPAÍ, FRITHCHAITEOIRÍ AGUS TREALAMH LEICTREACH** | | |
| 4.1. Ceannlampaí | | |
| 4.1.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Solas/foinse solais a bheith lochtach nó in easnamh.<br>(b) Córas teilgthe (frithchaiteoir agus lionsa) lochtach nó in easnamh.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.1.2. Ailíniú | Déan amach cad é treo cothrománach gach ceannlampa faoi léas maolaithe ag úsáid feiste dírithe ceannlampa nó scáileán. | Treo ceannlampa ar neamhréir leis na teorainneacha atá leagtha síos sna ceanglais[1]. |
| 4.1.3. Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lasc ag oibriú ar neamhréir leis na ceanglais[1] (líon na gceannlampaí ar lasadh in aon am amháin)<br>(b) Feidhmú na feiste rialaithe loite. |
| 4.1.4. Comhlíonadh na gceanglas[1]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(b) Táirgí ar lionsa nó ar fhoinse solais a laghdaíonn go follasach déine solais nó a athraíonn dath astaithe.<br>(c) Foinse solais agus lampa neamh-comhoiriúnach |
| 4.1.5. Feistí leibhéalta (más éigeantach) | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin más féidir | (a) Feiste neamhoibríoch<br>(b) Ní féidir an fheiste láimhe a oibriú ó shuíochán an tiománaí. |
| 4.1.6. Feiste nite ceannlampa (más éigeantach) | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin más féidir | Feiste neamhoibríoch |
| 4.2. Lampaí tosaigh agus lampaí cúil, taobhlampaí marcála agus lampaí marcála imlíne deiridh | | |
| 4.2.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Foinse solais lochtach.<br>(b) Lionsa lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| 4.2.2 Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Oibriú laisce ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(b) Feidhmú na feiste rialaithe loite. |
| 4.2.3. Comhlíonadh na gceanglas[1]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(b) Táirgí ar lionsa nó ar fhoinse solais a laghdaíonn déine solais nó a athraíonn dath astaithe. |
| 4.3. Lampaí Coscáin | | |
| 4.3.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Foinse solais lochtach.<br>(b) Lionsa lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.3.2. Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Oibriú laisce ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(b) Feidhmú na feiste rialaithe loite. |
| 4.3.3. Comhlíonadh na gceanglas[1]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |
| 4.4. Treotháscaire agus lampaí guaise | | |
| 4.4.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Foinse solais lochtach.<br>(b) Lionsa lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.4.2. Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Oibriú laisce ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |
| 4.4.3. Comhlíonadh na gceanglas[1]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |
| 4.4.4. Mínicíocht splanctha | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Ráta an splanctha ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |
| 4.5. Lampaí ceo tosaigh agus cúil | | |
| 4.5.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Foinse solais lochtach.<br>(b) Lionsa lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.5.2 Ailíniú (X)[2] | Iniúchadh ar bhonn oibriúcháin agus trí úsáid a bhaint as feiste dírithe ceannlampa | Lampa ceo tosaigh nach bhfuil ailínithe go cothrománach nuair atá líne scoite ag pátrún an tsolais |
| 4.5.3. Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Oibriú laisce ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |
| 4.5.4. Comhlíonadh na gceanglas[1]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[1]. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | (b) Oibriú an chórais ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 4.6. Lampaí cúlaithe | | |
| 4.6.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Foinse solais lochtach.<br>(b) Lionsa lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.6.2. Comhlíonadh na gceanglas[(1)]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa, dath astaithe, suíomh nó déine ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br>(b) Oibriú an chórais ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 4.6.3. Lascadh | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Oibriú laisce ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 4.7. Lampa uimhirphláta cúil | | |
| 4.7.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa ag teilgean solas díreach ar gcúl.<br>(b) Foinse solais lochtach.<br>(c) Lampa feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.7.2. Comhlíonadh na gceanglas[(1)]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Oibriú an chórais ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 4.8. Ais-fhrithchaiteoirí, marcanna feiceálachta (ais-fhrithchaiteacha) agus plátaí marcála cúil | | |
| 4.8.1. Bail | Amharciniúchadh. | (a) Trealamh frithchaithimh lochtach nó millte.<br>(b) Frithchaiteoir feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.8.2. Comhlíonadh na gceanglas[(1)]. | Amharciniúchadh. | Feiste, dath frithchaite nó suíomh ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. |
| 4.9. Leideoirí atá éigeantach i gcás trealaimh shoilsiúcháin | | |
| 4.9.1. Bail agus oibriú | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Neamhoibríoch. |
| 4.9.2. Comhlíonadh na gceanglas[(1)]. | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. |
| 4.10. Naisc leictreacha idir feithicil tarraingthe agus leantóir nó leathleantóir | Amharciniúchadh: más féidir é, scrúdú a dhéanamh ar leanúnachas an naisc leictreaigh. | (a) Compháirteanna feistithe go neamhdhaingean.<br>(b) Insliú millte nó meathlaithe<br>(c) Naisc leantóra nó feithicle tarraingthe ag feidhmiú go mícheart. |
| 4.11. Sreangú leictreach | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir, lena n-áirítear ar | (a) Sreangú neamhdhaingean nó daingnithe go neamhleor. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | thaobh istigh d'urrann an innill i gcásanna áirithe. | (b) Sreangú meathlaithe<br>(c) Insliú millte nó meathlaithe |
| 4.12. Lampaí agus ais-fhrithchaiteoirí neamhéigeantacha (X)[2] | Amharciniúchadh agus iniúchadh ar bhonn oibriúcháin. | (a) Lampa/ais-fhrithchaiteoir arna fheistiú ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(b) Oibriú lampa ar neamhréir leis na ceanglais[1].<br>(c) Lampa/ais-fhrithchaiteoir feistithe go neamhdhaingean. |
| 4.13. Ceallra/Ceallraí | Amharciniúchadh. | (a) Neamhdhaingean.<br>(b) Silteach.<br>(c) Lasc lochtach (má cheanglaítear ceann a bheith ann).<br>(d) Aidhníní lochtach (má cheanglaítear iad a bheith ann).<br>(e) Aeráil míchuí (má cheanglaítear í a bheith ann) |
| **5. ACASTÓIRÍ, ROTHAÍ, BOINN AGUS CROCHADH** | | |
| 5.1. Acastóirí | | |
| 5.1.1. Acastóirí | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. | (a) Acastóir briste nó dífhormaithe.<br>(b) Feistithe go neamhdhaingean ar an bhfeithicil.<br>(c) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta. |
| 5.1.2. Gearracastóirí | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. Cuir brú go hingearach agus go cliathánach ar gach roth agus nótáil méid na gluaiseachta idir bíoma an acastóra agus an gearracastóir. | (a) Gearracastóir briste.<br>(b) Róchaitheamh ar an mbiorán sclóin agus/nó ar na boisc.<br>(c) Róghluaiseacht idir an gearracastóir agus bíoma an acastóra.<br>(d) Biorán an ghearracastóra scaoilte san acastóir. |
| 5.1.3. Imthacaí rotha | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. Luasc an roth nó cuir brú go cliathánach ar gach roth agus nótáil an méid a gluaiseann an roth suas i gcoibhneas leis an ngearracastóir. | (a) Róligean in imthaca rotha.<br>(b) Imthaca rotha rótheann, sáinnithe. |
| 5.2. Rothaí agus boinn | | |
| 5.2.1. Mol rotha bóthair | Amharciniúchadh. | (a) Aon rothchnónna nó stodaí in easnamh nó scaoilte. |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | (b) Mol caite nó millte |
| 5.2.2. Rothaí | Amharciniúchadh ar an dá taobh de gach roth agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. | (a) Aon bhriseadh nó aon locht táthaithe<br>(b) Fáinní coinnithe boinn feistithe go mícheart.<br>(c) Roth díchumtha go mór nó caite go mór.<br>(d) Méid nó cineál rotha ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] agus ag déanamh difir don tsábháilteacht ar bhóithre. |
| 5.2.3. Boinn | Amharciniúchadh ar an mbonn ina iomláine tríd an roth bóthair a rothlú agus é ardaithe ón urlár leis an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir, nó tríd an bhfeithicil a rolladh ar gcúl agus chun tosaigh thar chlais. | (a) Méid na mbonn, acmhainn ualaigh, marc formheasa nó rátáil luais ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] agus ag deanamh difir don tsábháilteacht ar bhóithre<br>(b) Boinn de mhéideanna éagsúla ar an aon acastóir nó ar rothaí cúplacha<br>(c) Boinn de dhéanaimh éagsúla ar an aon acastóir (gathach / crosdualach).<br>(d) Bonn millte nó gearrtha go mór.<br>(e) Doimhneacht tráchta boinn ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br>(f) Bonn ag cuimilt de chomhpháirteanna eile.<br>(g) Boinn ath-eitrithe ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br>(h) Córas faireacháin aerbhrú mífheidhmiúil nó é follasach go bhfuil sé neamoibríoch. |
| 5.3. Córas crochta | | |
| 5.3.1. Spriongaí agus cobhsaitheoir | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. | (a) Spriongaí feistithe go neamhdhaingean ar an bhfonnadh nó ar an acastóir.<br>(b) Comhpháirt sprionga millte nó briste.<br>(c) Sprionga in easnamh.<br>(d) Deisiú míchuí nó oiriúnú míchuí a bheith déanta. |
| 5.3.2. Maolairí turrainge | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir nó ag úsáid trealamh speisialta má tá fáil air. | (a) Maolairí turrainge feistithe go neamhdhaingean ar an bhfonnadh nó ar an acastóir.<br>(b) Maolaire turrainge millte agus comharthaí air go bhfuil sé silteach go mór nó go bhfuil sé mífheidhmiúil. |
| 5.3.2.1 Tástáil ar éifeachtúlacht an | Úsáid trealamh speisialta agus cuir difríochtaí idir na torthaí don roth clé agus an roth deas i gcomparáid agus/nó dearbhluachanna ó | (a) Difríocht shuntasach idir an taobh clé agus an taobh deas |

| Mír | | Modh | Cúiseanna mainneachtana | |
|---|---|---|---|---|
| | mhaolaithe | mhonaróirí i gcomparáid lena chéile. | (b) | níor baineadh amach na híosluachanna arna lua |
| 5.3.3. | Feadáin toirc, gaghéaga, cnáimhíní súgartha, agus géaga crochta | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. | (a)<br><br>(b)<br><br>(c) | Comhpháirt feistithe go neamhdhaingean ar bhfhonnadh nó ar an acastóir.<br><br>Comhpháirt millte, briste nó róchreimthe.<br><br>Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta. |
| 5.3.4. | Ailt chrochta | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. Féadfar brathadóirí ligin rothaí a úsáid agus moltar iad a úsáid i gcás feithiclí a bhfuil a n-ollmhais feithicle níos mó ná 3.5 tonna. | (a)<br><br>(b) | Róchaitheamh ar bhiorán sclóine agus/nó ar bhoisc ag ailt chrochta.<br><br>Clúdach deannaigh in easnamh nó meathlaithe go mór. |
| 5.3.5. | Aerchrochadh | Amharciniúchadh | (a)<br><br>(b)<br><br>(c) | Córas do-oibrithe.<br><br>Aon chomhpháirt millte, modhnaithe nó meathlaithe sa chaoi is go ndéanfaí dochar d'fheidhmiú an chórais.<br><br>sceitheadh incloiste sa chóras |
| **6.** | **FONNADH AGUS FEISTIS FONNAIDH** | | | |
| 6.1. | Fonnadh nó fráma agus feistis | | | |
| 6.1.1. | Bail ghinearálta | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. | (a)<br><br>(b)<br><br>(c) | Aon taobh-bhall nó crosbhall briste nó dífhoirmithe.<br><br>Plátaí neartaithe nó ceanglóirí a bheith neamhdhaingean.<br><br>Róchreimeadh a dhéanann difear do dhoichte na cóimeála. |
| 6.1.2. | Sceithphíopaí agus ciúnadóirí | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. | (a)<br><br>(b) | Córas sceite neamhdhaingean nó silteach.<br><br>Múch ag teacht isteach sa chábán nó in urrann na bpaisinéirí. |
| 6.1.3. | Umar breosla agus píopaí breosla (lena n-áirítear umar breosla téite agus píopaí breosla téite) | Amharciniúchadh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir; úsáid feistí chun sceitheanna a bhrath i gcás córas GPL/GNC. | (a)<br><br>(b)<br><br>(c)<br><br>(d)<br><br>(e) | Umar nó píopaí a bheith neamhdhaingean.<br><br>Breosla ag sceitheadh amach nó caidhp líonaigh in easnamh nó mí-éifeachtach.<br><br>Píopaí a bheith millte nó cuimilte.<br><br>Buacaire breosla (má cheanglaítear sin) ag oibriú go mícheart.<br><br>Riosca dóiteáin de dheasca<br><br>- breosla a bheith ag sceitheadh amach |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | - an t-umar breosla nó an sceithphíopa a bheith cosanta go míchuí<br><br>- bhail urrann an innill<br><br>(f) Córas GPL/GNC nó córas hidrigine ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 6.1.4. Tuairteoirí, cosaint chliathánach agus feistí fobharra cúil | Amharciniúchadh. | (a) Ceann acu a bheith scaoilte nó millte sa dóigh is gur dócha go ngortódh sé duine ar theagmháil a dhéanamh dó leis nó ar é féin a scríobadh air.<br><br>(b) Is léir go bhfuil feiste ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] |
| 6.1.5. Iomprán rotha spártha (má tá sé feistithe) | Amharciniúchadh. | (a) Gan bail chuí a bheith ar an iomprán.<br><br>(b) Iomprán briste nó neamhdhaingean.<br><br>(c) Roth spártha nach bhfuil feistithe go daingean ar an iomprán agus sa dóigh is gur dócha go dtitfidh sé. |
| 6.1.6. Meicníochtaí cúplála agus trealamh tarraingthe | Amharciniúchadh feiceáil an bhfuil siad caite agus ag oibriú go ceart agus aird ar leith á tabhairt ar aon fheiste sábháilteachta atá feistithe agus/nó ar aon tomhsaire a úsáid. | (a) Comhpháirt millte, lochtach nó scoilte.<br><br>(b) Compháirt róchaite.<br><br>(c) Feisteas lochtach.<br><br>(d) Feiste sábháilteachta ar bith a bheith in easnamh nó ag oibriú go mícheart.<br><br>(e) Aon táscaire a bheith neamhoibríoch.<br><br>(f) An pláta clárúcháin nó aon lampa a bheith folaithe (nuair nach bhfuil siad in úsáid)<br><br>(g) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta. |
| 6.1.7. Traiseoladh | Amharciniúchadh. | (a) Boltaí daingnithe a bheith scaoilte nó in easnamh.<br><br>(b) Imthacaí an tseafta traiseolta a bheith róchaite.<br><br>(c) Na hailt uilíocha a bheith róchaite.<br><br>(d) Cúpláin sholúbtha a bheith meathlaithe.<br><br>(e) Seafta a bheith millte nó camtha.<br><br>(f) Feireadh imthaca a bheith briste nó |

| Mír | Modh | Cúiseanna mainneachtana |
|---|---|---|
| | | |
| | | neamhdhaingean.<br>(g) Clúdach deannaigh in easnamh nó meathlaithe go mór.<br>(h) Gléasra cumhachta a bheith modhnaithe go neamhdhleathach. |
| 6.1.8. Gléasanna suite innill | Amharciniúchadh – ní gá é a dhéanamh agus an fheithicil ar crochadh thar chlais nó ar ardaitheoir. | Gléasanna suite a bheith meathlaithe, millte go soiléir agus go mór, scaoilte nó briste. |
| 6.1.9 Feidhmíocht an innill | Amharciniúchadh | (a) Aonad rialaithe a bheith modhnaithe go neamhdhleathach.<br>(b) An t-inneall a bheith modhnaithe go neamhdhleathach. |
| 6.2. Cábán agus cabhalra | | |
| 6.2.1. Bail | Amharciniúchadh. | (a) Painéal nó páirt a bheith scaoilte nó millte sa dóigh is gur dócha go ngortódh sé duine.<br>(b) Colún na cabhlach a bheith neamhdhaingean.<br>(c) Múch ón inneall nó ón sceithphíopa a bheith in ann teacht isteach.<br>(d) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí a bheith déanta. |
| 6.2.2. Gléasadh | Amharciniúchadh agus an fheithicil thar chlais nó ar ardaitheoir. | (a) An chabhail nó an chábán a bheith neamhdhaingean.<br>(b) Is léir nach bhfuil an chabhail/an cábán suite go glan ar an bhfonnadh.<br>(c) Feistiú na cabhlach/ an chábáin ar an bhfonnadh nó ar chrosbhaill a bheith neamhdhaingean nó in easnamh.<br>(d) Róchreimeadh ag pointí feistithe ar bhunchabhlacha. |
| 4.9.2. Comhlíonadh na gceanglas[(1)]. | Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| 4.10. Naisc leictreacha idir an fheithicil tarraingthe agus an leantóir nó an leathleantóir | (a) Comhpháirteanna feistithe go neamhdhaingean.<br>Soicéad scaoilte | X<br> | <br>X | |
| | (b) Insliú millte nó meathlaithe<br>Fhabht gearrchiorcaid a dhéanamh dealraitheach | X<br> | <br>X | |
| | (c) Naisc leictreacha leantóra nó feithicle tarraingthe ag feidhmiú go mícheart<br>Dochar déanta don chóras coscánaithe leantóra; soilse coscánaithe leantóra neamhoibríoch ar fad | | X<br> | <br>X |
| 4.11. Sreangú leictreach | (a) Sreangú neamhdhaingean nó daingnithe go míshásúil.<br>Feistis scaoilte, i dteagmháil le faobhair, nascóirí is dóigh a dhínascfar<br>Sreangú is dóigh a dhéanfaidh teagmháil le páirteanna teo, le páirteanna rothlacha nó le talamh, nascóirí dínasctha (páirteanna a bhaineann le coscánú, stiúradh) | X<br><br> | <br>X<br> | <br><br>X |
| | (b) Sreangú beagán meathlaithe.<br>Sreangú mórmheathlaithe<br>Sreangán fíormheathlaithe (páirteanna a bhaineann le coscánú, stiúradh) | X<br><br> | <br>X<br> | <br><br>X |
| | (c) Insliú millte nó meathlaithe<br>Fabht gearrchiorcaid a dhéanamh dealraitheach<br>Baol mór dóiteáin, splancacha ag teacht | X<br><br> | <br>X<br> | <br><br>X |
| 4.12. Lampaí agus ais-fhrithchaiteoirí neamhéigeantacha (X)[(2)] | (a) Lampa/ais-fhrithchaiteoir arna fheistiú ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br>Astú/frithchaitheamh solais dheirg chun tosaigh nó solas deiridh bán; | X<br> | <br>X | |
| | (b) Oibriú lampa ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br>Líon ceannlampaí atá ag oibriú go comhuaineach thar déine solais ceadaithe; Astú/frithchaitheamh solais dheirg chun tosaigh nó solas deiridh bán; | X<br> | <br>X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | | | | |
| | (c) Lampa/ais-fhrithchaiteoir feistithe go neamhdhaingean.<br><br>Titim dhealraitheach | X | <br><br>X | |
| 4.13. Ceallra/Ceallraí | (a) Neamhdhaingean.<br><br>Feistithe go mícheart; Fabht gearrchiorcaid a dhéanamh dealraitheach | X | <br><br>X | |
| | (b) Sceitheadh<br><br>Cailleadh substaintí contúirteacha | X | <br><br>X | |
| | (c) Lasc lochtach (má cheanglaítear sin). | | X | |
| | (d) Aidhníní lochtach (má cheanglaítear sin). | | X | |
| | (e) Aeráil a bheith míchuí (má cheanglaítear sin) | | X | |
| **5. ACASTÓIRÍ, ROTHAÍ, BOINN AGUS CROCHADH** | | | | |
| 5.1. Acastóirí | | | | |
| 5.1.1. Acastóirí | (a) Acastóir briste nó dífhormaithe. | | | X |
| | (b) Feistithe go neamhdhaingean ar fheithicil.<br><br>Gluaiseacht i gcoibhneas leis an bhfonnadh/leis an gcabhail scaoilte | | X | <br><br>X |
| | (c) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí.<br><br>An chobhsaíocht loite, dochar déanta don fheidhmíocht, easpa glanspáis go dtí páirteanna eile de chuid na feithicle eile nó go dtí an talamh | | X | <br><br>X |
| 5.1.2. Gearracastóirí | (a) Gearracastóir briste. | | | X |
| | (b) Róchaitheamh ar an mbiorán sclóine agus/nó ar na boisc.<br><br>Scaoileadh dealraitheach; an chobhsaíocht threoch loite | | X | <br><br>X |
| | (c) Róghluaiseacht idir an gearracastóir agus an bíoma acastóra.<br><br>Scaoileadh dealraitheach; an chobhsaíocht threoch loite | | X | <br><br>X |
| | Biorán gearracastóra scaoilte san acastóir.<br><br>Scaoileadh dealraitheach; an chobhsaíocht threoch loite | | X | <br><br>X |
| 5.1.3. Imthacaí rotha | (a) Róligean in imthaca rotha.<br><br>an chobhsaíocht threoch loite; baol scartála | | X | <br><br>X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Mion** | **Mór** | **Contúirteach** |
| | (b) Imthaca rotha rótheann, sáinnithe. | | X | |
| | Baol róthéite; baol scartála | | | X |
| 5.2. Rothaí agus boinn | | | | |
| 5.2.1. Mol rotha bóthair | (a) Aon chnónna nó stodaí in easnamh nó scaoilte (<3,5t: 4 cinn shiméadracha dháilte ar a laghad fágtha; >3,5t. 75 % ar a laghad de chinn shiméadracha dháilte fágtha) | | X | |
| | Os cionn 25 % de chnónna rotha nó de stodaí rotha in easnamh nó scaoilte. | | | X |
| | (b) Mol caite nó millte | | X | |
| | Mol caite nó millte sa dóigh is nach bhfuil na rothaí feistithe go daingean | | | X |
| 5.2.2. Rothaí | (a) Aon bhriseadh nó locht táthaithe | | | X |
| | (b) Fáinní coinnithe boinn feistithe go mícheart. | | X | |
| | Teacht de dealraitheach | | | X |
| | (c) Roth díchumtha go mór nó caite go mór. | | X | |
| | Níl daingne an fheistithe den mhol slán; níl daingne fheistiú an rotha slán | | | X |
| | (d) Méid nó cineál rotha ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] agus ag déanamh dochair don tsábháilteacht ar bhóithre. | | X | |
| 5.2.3. Boinn | (a) Méid na mbonn, acmhainn ualaigh, marc formheasa nó rátáil luais ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] agus ag deanamh dochair don t sábháilteacht ar bhóithre | | X | |
| | Acmhainn ualaigh nó rátáil luais neamhleor le haghaidh úsáide iarbhír, bonn i dteagmháil le páirteanna feistithe eile feithicle agus ag cur isteach ar thiomáint shábháilte | | | X |
| | (b) Boinn de mhéideanna éagsúla ar an aon acastóir nó ar rothaí cúplacha | | X | |
| | (c) Boinn de dhéanaimh éagsúla ar an aon acastóir (gathach/ crosdualach). | | X | |
| | (d) Bonn millte nó gearrtha go mór. | | X | |
| | Corda infheicthe nó millte | | | X |
| | (e) Doimhneacht tráchta boinn ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | | X | |
| | Faoi bhun 80 % den doimhneacht tráchta a cheanglaítear | | | X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | (f) Bonn ag cuimilt de chomhpháirteanna eile (feistí solúbtha frith-sprae). | X | | |
| | Bonn ag cuimilt de chomhpháirteanna eile (ní chuirtear isteach ar thiomáint shábháilte) | | X | |
| | (g) Boinn ath-eitrithe ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | | X | |
| | Dochar déanta don tsraith choiscthe corda | | | X |
| | (h) Córas faireacháin aerbhrú mífheidhmiúil | X | | |
| | is léir go bhfuil sé neamhoibríoch | | X | |
| 5.3. Córas crochta | | | | |
| 5.3.1. Spriongaí agus cobhsaitheoir | (a) Spriongaí feistithe go neamhdhaingean ar an bhfonnadh nó ar an acastóir. | | X | |
| | Gluaiseacht choibhneasta infheicthe; os cionn 50 % de na feistis scaoilte) | | | X |
| | (b) Comhpháirt sprionga millte nó briste. | | X | |
| | Dochar déanta don phríomhsprionga nó lannóg ann, nó d'os cionn 50 % de na lannóga breise | | | X |
| | (c) Sprionga in easnamh. | | X | |
| | Dochar déanta do phríomhsprionga nó lannóg ann, nó d'os cionn 50 % de lannóga breise | | | X |
| | (d) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí. | | X | |
| | Easpa glanspáis go dtí páirteanna eile de chuid na feithicle; córas spriongaí neamhoibríoch | | | X |
| 5.3.2. Maolairí turrainge | (a) Maolairí turrainge feistithe go neamhdhaingean ar an bhfonnadh nó ar an acastóir. | X | | |
| | Maolaire turrainge scaoilte | | X | |
| | (b) Maolaire turrainge millte agus comharthaí air go bhfuil sé an-silteach nó go bhfuil sé mífheidhmiúil. | | X | |
| 5.3.2.1 Tástáil ar éifeachtúlacht an mhaolaithe | (a) Difríocht mhór idir an taobh clé agus an taobh deas | | X | |
| | (b) níor baineadh amach na híosluachanna arna lua | | X | |
| 5.3.3. Feadáin toirc, gaghéaga, cnáimhíní súgartha, agus géaga crochta | (a) Comhpháirt feistithe go neamhdhaingean ar an bhfonnadh nó ar an acastóir. | | X | |
| | Gar do scaoileadh; an chobhsaíocht threoch loite | | | X |
| | (b) Comhpháirt millte nó róchreimthe. | | X | |
| | Dochar déanta do chobhsaíocht comhpháirte nó comhpháirt briste | | | X |
| | (c) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí. | | X | |
| | Easpa glanspáis go dtí páirteanna eile de chuid na feithicle; córas neamhoibríoch | | | X |
| 5.3.4. Ailt chrochta | (a) Róchaitheamh ar an mbiorán sclóine agus/nó ar bhoisc ag na hailt chrochta. | | X | |
| | Gar do scaoileadh; an chobhsaíocht threoch loite | | | X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Mion** | **Mór** | **Contúirteach** |
| | (b) Clúdach deannaigh mórmheathlaithe.<br><br>Clúdach deannaigh in easnamh nó briste | X | <br><br>X | |
| 5.3.5. Aerchrochadh | (a) Córas do-oibrithe. | | | X |
| | (b) Aon chomhpháirt millte, modhnaithe nó meathlaithe sa dóigh is go ndéanfaí dochar d'fheidhmiú an chórais.<br>Mórdhochar déanta d'fheidhmiú córais | | X | <br><br><br>X |
| | (c) sceitheadh inchloiste sa chóras | | X | |
| **6. FONNADH AGUS FEISTIS FONNAIDH** | | | | |
| 6.1. Fonnadh nó fráma agus feistis | | | | |
| 6.1.1. Bail ghinearálta | (a) Aon taobh-bhall nó crosbhall beagán briste nó beagán dífhoirmithe.<br>Mórbhriseadh nó mór-dhífhoirmiú ar aon taobh-bhall nó crosbhall | | X | <br><br>X |
| | (b) Plátaí neartaithe nó ceanglóirí neamhdhaingean (< 50%).<br><br>Ceanglóirí scaoilte (> 50%); Láidreacht neamhleor páirteanna | | X | <br><br>X |
| | (c) Róchreimeadh a dhéanann dochar do dhoichte na cóimeála.<br>Láidreacht neamhleor páirteanna | | X | <br><br>X |
| 6.1.2. Sceithphíopaí agus ciúnadóirí | (a) Córas sceite neamhdhaingean nó silteach. | | X | |
| | (b) Múch ag teacht isteach sa chábán nó in urrann na bpaisinéirí.<br><br>Baol do shláinte daoine ar bord | | X | <br><br>X |
| 6.1.3. Umar breosla agus píopaí breosla (lena n-áirítear umar breosla téite agus píopaí breosla téite) | (a) Umar nó píopaí neamhdhaingean.<br><br>Baol dóiteáin | | X | <br><br>X |
| | (b) Breosla ag sceitheadh nó caidhp líonaigh in easnamh nó mí-éifeachtach.<br><br>Baol dóiteáin; róchailleadh ábhair ghuaisigh | | X | <br><br>X |
| | (c) píopaí cuimilte.<br><br>Píopaí millte | X | <br><br>X | |
| | (d) Buacaire breosla (má cheanglaítear sin) ag oibriú go mícheart. | | X | |
| | (e) Baol dóiteáin de dheasca<br>- breosla ag sceitheadh | | | X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | umar breosla nó an sceithphíopa a bheith cosanta go míchuí<br><br>bail urrann an innill | | | |
| | (f) Córas GPL/GNC nó córas hidrigine ar neamhréir leis na ceanglais[(1).]<br><br>Aon pháirt den chóras lochtach | | X | <br><br>X |
| 6.1.4. Tuairteoirí, cosaint chliathánach agus feistí fobharra cúil | (a) Ceann acu a bheith scaoilte nó millte sa dóigh is gur dócha go ndéanfaidh sé duine a ghortú ar theagmháil a dhéanamh leis nó ar é féin a scríobadh air.<br><br>Páirteanna gur dócha go dtitfidh siad; mórdhochar déanta don fheidhmiúlacht | | X | <br><br>X |
| | (b) Is léir go bhfuil feiste ar neamhréir leis na ceanglais[(1).] | | X | |
| 6.1.5. Iomprán rotha spártha (má tá sé feistithe) | (a) Gan bail chuí a bheith ar an iomprán. | X | | |
| | (b) Iomprán briste nó neamhdhaingean. | | X | |
| | (c) Roth spártha feistithe go neamhdhaingean san iomprán<br><br>titim dhealraitheach. | | X | <br><br>X |
| 6.1.6. Meicníochtaí cúplála agus trealamh tarraingthe | (a) Comhpháirt millte, lochtach nó scoilte (mura bhfuil sí in úsáid).<br><br>Comhpháirt millte, lochtach nó scoilte (má tá sí in úsáid). | | X | <br><br>X |
| | (b) Comhpháirt róchaite.<br><br>Faoi bhun na teorann caithimh | | X | <br><br>X |
| | (c) Feisteas lochtach.<br><br>Aon fheisteas scaoilte | | X | <br><br>X |
| | (d) Aon fheiste sábháilteachta in easnamh nó ag oibriú go mícheart. | | X | |
| | (e) Aon táscaire neamhoibríoch. | | X | |
| | (f) An pláta clárúcháin nó aon lampa a bheith folaithe (nuair nach bhfuil siad in úsáid)<br><br>Pláta clárúcháin gan a bheith inléite (nuair nach bhfuil sé in úsáid) | X | <br><br>X | |
| | (g) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí (páirteanna tánaisteacha)<br><br>Deisiú míchuí nó modhnú míchuí. (príomhpháirteanna) | | X | <br><br>X |
| 6.1.7. Traiseoladh | (a) Boltaí daingnithe scaoilte nó in easnamh. (<30%)<br><br>Boltaí daingnithe scaoilte nó in easnamh. (>30%) | | X | <br><br>X |
| | (b) Imthacaí an tseafta traiseolta róchaite.<br><br>Gar do scaoileadh nó do scoilteadh | | X | <br><br>X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | (c) Na hailt uilíocha róchaite. | | X | |
| | Gar do scaoileadh nó do scoilteadh | | | X |
| | (d) Cúpláin sholúbtha meathlaithe. | | X | |
| | Gar do scaoileadh nó do scoilteadh | | | X |
| | (e) Seafta millte nó camtha. | | X | |
| | (f) Feireadh imthacaí a bheith briste nó neamhdhaingean. | | X | |
| | Gar do scaoileadh nó do scoilteadh | | | X |
| | (g) Clúdach deannaigh mórmheathlaithe. | X | | |
| | Clúdach deannaigh in easnamh nó briste | | X | |
| | (h) Gléasra cumhachta modhnaithe go neamhdhleathach. | | X | |
| 6.1.8. Gléasanna suite innill | Meathlaithe, millte go soiléir agus go mór, | | X | |
| | gléasanna suite scaoilte nó briste. | | | X |
| 6.1.9 Feidhmíocht an innill | (a) Aonad rialaithe modhnaithe go neamhdhleathach. | | X | |
| | (b) An t-inneall modhnaithe go neamhdhleathach. | | X | |
| 6.2. Cábán agus cabhalra | | | | |
| 6.2.1. Bail | (a) Painéal nó páirt scaoilte nó millte gur dócha go ndéanfaidh sé duine a ghortú. | | X | |
| | Titim dhealraitheach | | | X |
| | (b) Colún cabhlach neamhdhaingean. | | X | |
| | Cobhsaíocht loite | | | X |
| | (c) Bealach isteach ag múch innill nó sceithe. | | X | |
| | Baol do shláinte daoine ar bord | | | X |
| | (d) Deisiú míchuí nó modhnú míchuí. | | X | |
| | Easpa glanspáis go dtí páirteanna rothlaithe nó gluaiste agus go dtí an bóthar | | | X |
| 6.2.2. Gléasadh | (a) cabhail nó cábán neamhdhaingean. | | X | |
| | Dochar déanta don chobhsaíocht | | | X |
| | (b) is léir nach bhfuil an chabhail/an cábán suite go glan ar fhonnadh. | | X | |
| | (c) Feistiú na cabhlach/an chábáin ar an bhfonnadh nó le crosbhaill a bheith neamhdhaingean nó in easnamh. 50 % más siméadrach | | X | |
| | Feistiú na cabhlach/an chábáin ar an bhfonnadh nó le crosbhaill a bheith neamhdhaingean nó in easnamh. 50 %) | | | X |
| | (d) Róchreimeadh ag pointí feistithe ar bhunchabhlacha. | | X | |
| | Dochar déanta don chobhsaíocht | | | X |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| 6.2.3. Doirse agus laistí doirse | (a) Doras nach féidir a oscailt nó a dhruidim go ceart. | | X | |
| | (b) Doras is dócha a osclóidh de thaisme nó doras nach bhfanfaidh druidte (doirse sleamhnáin) | | X | |
| | Doras is dócha a osclóidh de thaisme nó doras nach bhfanfaidh druidte (doirse casta) | | | X |
| | (c) Doras, insí, laistí nó colún meathlaithe. | X | | |
| | Doras, insí, laistí nó colún in easnamh nó scaoilte. | | X | |
| 6.2.4. Urlár | Urlár neamhdhaingean nó meathlaithe go mór. | | X | |
| | Easpa cobhsaíochta | | | X |
| 6.2.5. Suíochán an tiománaí | (a) Cathaoir a bhfuil a struchtúr lochtach. | | X | |
| | Cathaoir scaoilte nó | | | X |
| | (b) an mheicníocht oiriúnaithe ag feidhmiú go mícheart. | | X | |
| | Suíochán ag bogadh nó taca droma dofheistithe | | | X |
| 6.2.6. Suíocháin eile | (a) Bail lochtach ar shuíocháin nó iad neamhdhaingean (páirteanna tánaisteacha) | X | | |
| | Bail lochtach ar shuíocháin nó iad neamhdhaingean (príomhpháirteanna) | | X | |
| | (b) Suíocháin feistithe ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | An líon ceadaithe suíochán sáraithe; suíomh ar neamhréir le formheas | | X | |
| 6.2.7. Rialtáin tiomána | Rialtán ar bith is gá le haghaidh oibriú sábháilte na feithicle a bheith ag feidhmiú go mícheart. | | X | |
| | **Dochar déanta d'oibriú sábháilte** | | | X |
| 6.2.8. Céimeanna chuig an gcábán | (a) Céim nó fáinne céime neamhdhaingean. | X | | |
| | Cobhsaíocht neamhleor | | X | |
| | (b) Bail a bheith ar an gcéim nó ar an bhfáinne is dóigh a ghortóidh úsáideoirí. | | X | |
| 6.2.9. Feistis inmheánacha agus sheachtracha eile agus trealamh eile | (a) Feisteas nó trealamh eile feistithe go lochtach. | | X | |
| | (b) Feisteas nó trealamh eile ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | Páirteanna feistithe gur dócha do ndéanfaidh siad duine a ghortú; dochar déanta d'oibriú sábháilte | | X | |
| | (c) Trealamh hiodrálach silteach. | X | | |
| | Mórchailleadh ábhair ghuaisigh | | X | |
| 6.2.10. Pludghardaí (cliatháin), feistí frithchaite | (a) In easnamh, scaoilte nó mórchreimthe. | X | | |
| | Gortú duine dealraitheach; titim dhealraitheach. | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | | | | |
| | (b) Easpa glanspáis go dtí an roth bóthair. | X | | |
| | Easpa glanspáis go dtí an roth bóthair (pludghardaí). | | X | |
| | (c) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | Clúdach neamhleor banda boinn | | X | |
| **7. TREALAMH EILE** | | | | |
| 7.1. Criosanna sábhála/búclaí agus córais shriantacha | | | | |
| 7.1.1. Daingne fheistiú na gcriosanna sábhála/na mbúclaí | (a) Pointe daingnithe mórmheathlaithe. | | X | |
| | Dochar déanta don chobhsaíocht | | | X |
| | (b) An daingniú a bheith scaoilte | | | X |
| 7.1.2. Bail na gcriosanna sábhála/na mbúclaí | (a) Crios sábhála éigeantach in easnamh nó gan a bheith feistithe. | | X | |
| | (b) Crios sábhála millte. | X | | |
| | Aon ghearradh nó aon chomhartha róshínte | | X | |
| | (c) Crios sábhála ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | | X | |
| | (d) Búcla creasa sábhála millte nó ag feidhmiú go mícheart. | | X | |
| | (e) Gléas tarraingthe siar creasa sábhála millte nó ag feidhmiú go mícheart. | | X | |
| 7.1.3. Teorantóir ualaigh an chreasa sábhála | Is léir go bhfuil teorantóir ualaigh in easnamh nó nach bhfuil sé oiriúnach don fheithicil | | X | |
| 7.1.4. Réamhtheannasóirí an chreasa sábhála | Is léir go bhfuil réamhtheannasóir in easnamh nó nach bhfuil sé oiriúnach don fheithicil | | X | |
| 7.1.5. Mála aeir | (a) Is léir go bhfuil málaí aeir in easnamh nó nach bhfuil siad oiriúnach don fheithicil | | X | |
| | (b) Is léir go bhfuil an mála aeir neamhoibríoch | | X | |
| 7.1.6. Córais srianta breise | Aon chineál cliste sa chóras léirithe ag SRS MIL | | X | |
| 7.2. Múchtóir dóiteáin (X)[(2)] | (a) In easnamh. | | X | |
| | (b) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | Má cheanglaítear sin (e.g. busanna, cóistí etc.) | | X | |
| 7.3. Glais agus feiste frithghadaíochta | (a) Níl an fheiste chun tiomáint na feithicle a bhac ag feidhmiú . | X | | |
| | (b) Lochtach | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | ag glasáil nó ag blocáil de thaisme | | | X |
| 7.4. Triantán guaise (X)[2] (má cheanglaítear sin) | (a) In easnamh nó neamhiomlán. | X | | |
| | (b) Ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| 7.5. Fearas garchabhrach (má cheanglaítear sin) (X)[2] | É in easnamh, neamhiomlán nó ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| 7.6. Dingeacha do rothaí (má cheanglaítear sin) (X)[2] | In easnamh nó drochbhail orthu. | X | | |
| | An chobhsaíocht neamhleor nó toise neamhleor | | X | |
| 7.7. Feiste rabhaidh inchloiste | (a) Ag oibriú go míchuí. | X | | |
| | Gan a bheith ag oibriú in aon chor | | X | |
| | (b) Rialtán neamhdhaingean | X | | |
| | (c) Ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| | Fuaim a astaítear is dócha a bheidh measctha le bonnáin oifigiúla | | X | |
| 7.8. Luasmhéadar | (a) Feistithe ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| | In easnamh (má cheanglaítear ceann a bheith ann) | | X | |
| | (b) oibriú loite. | X | | |
| | Neamhoibríochtúil ar fad | | X | |
| | (c) Ní féidir é a lasadh go leor. | X | | |
| | Gan a bheith soilsithe in aon chor | | X | |
| 7.9. Tacagraf (má tá sé feistithe/má cheanglaítear sin) | (a) Feistithe ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | | X | |
| | (b) Neamhoibríochtúil. | | X | |
| | (c) Séalaí lochtach nó in easnamh. | | X | |
| | (d) Plaic calabrúcháin in easnamh, doléite nó as dáta. | | X | |
| | (e) Cur isteach nó ionramháil follasach. | | X | |
| | (f) Méid na mbonn mí-oiriúnach do na paraiméadair chalabrúcháin | | X | |
| 7.10. Feiste teorannaithe luais (má tá sí feistithe/má cheanglaítear sin) | (a) Feistithe ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | | X | |
| | (b) Is léir go bhfuil sé neamhoibríochtúil. | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | (c) Luas socraithe a bheith mícheart (má sheiceáiltear sin) | | X | |
| | (d) Séalaí lochtach nó in easnamh. | | X | |
| | (e) Plaic calabrúcháin in easnamh, doléite nó as dáta. | | X | |
| | (f) méid na mbonn neamhoiriúnach do na paraiméadair chalabrúcháin | | X | |
| 7.11 Odaiméadar (má tá fáil air) | (a) is léir go ndearnadh ionramháil air (calaois) | | X | |
| | (b) is léir go bhfuil sé neamhoibríoch | | X | |
| 7.12 Rialú leictreonach cobhsaíochta (ESC) (má tá sé feistithe/má cheanglaítear sin) | (a) Braiteoirí luais rothaí in easnamh nó millte | | X | |
| | (b) Sreangú millte | | X | |
| | (c) Comhpháirteanna eile in easnamh nó millte | | X | |
| | (d) An lasc millte nó ag feidhmiú go mícheart. | | X | |
| | (e) Aon chineál cliste sa chóras léirithe ag ESC MIL | | X | |
| **8. NÚIS** | | | | |
| 8.1. Torann | | | | |
| 8.1.1 Córas friththorainn | (a) Leibhéil fuaime níos airde ná mar a cheadaítear sna ceanglais[1]. | | X | |
| | (b) Aon chuid den córas friththorainn scaoilte, nó millte, feistithe go míchuí, in easnamh nó ar léir gur modhnaíodh é ar bhealach a chuirfeadh isteach ar na leibhéil fuaime. | | X | |
| | titim dhealraitheach. | | | X |
| 8.2. Astaíochtaí sceite | | | | |
| 8.2.1 Astaíochtaí ó innill pheitril | | | | |
| 8.2.1.1 Trealamh chun astaíochtaí sceite a rialú: | (a) An trealamh rialaithe astaíochtaí a d'fheistigh an monaróir in easnamh, modhnaithe nó ar léir go bhfuil sé lochtach. | | X | |
| | (b) Sceitheanna a dhéanfadh dochar do thomhais astaíochtaí | | X | |
| 8.2.1.2 Astaíochtaí gásacha | (a) Astaíochtaí gásacha thar na leibhéil shonracha a leag an monaróir síos; nó | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | | | | |
| | (b) Mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, astaíochtaí $CO_2$ a sáraíodh:<br>i) i gcás feithiclí nach rialaítear le hardchóras rialaithe astaíochtaí<br>– thar 4.5%, nó<br>– 3.5%<br>de réir dháta an chéadchlárúcháin nó na chéadúsáide atá sonraithe sna ceanglais(1).<br>ii) i gcás feithiclí a rialaítear le hardchóras rialaithe astaíochtaí,<br>– agus an t-inneall ag luas réchasta: 0.5%<br>– agus an t-inneall ag luas réchasta ard 0.3%<br>nó<br>– agus an t-inneall ag luas réchasta: 0.3%[13]<br>– agus an t-inneall ag luas réchasta ard 0.2%<br>de réir dháta an chéadchlárúcháin nó na chéadúsáide atá sonraithe sna ceanglais(1). | | X | |
| | (c) Lambda lasmuigh den réimse 1± 0.03 nó ar neamhréir le sonraíocht an mhonaróra | | X | |
| | (d) Léiríonn léamh DAB mór-mhífheidhm | | X | |
| 8.2.2 Astaíochtaí ó innill díosail | | | | |
| 8.2.2.1 Trealamh chun astaíochtaí sceite a rialú | (a) Trealamh rialaithe astaíochtaí a d'fheistigh an monaróir in easnamh nó ar léir go bhfuil sé lochtach | | X | |
| | (b) Sceitheanna a dhéanfadh dochar do thomhais astaíochtaí | | X | |

13 Feithiclí a cineálcheadaíodh de réir na dteorainneacha i ró A nó ró B de roinn 5.3.1.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 70/220/CEE nó feithiclí a cláraíodh nó a cuireadh i seirbhís den chéad uair tar éis an 1 Iúil 2002.

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| 8.2.2.2 Teimhneacht<br><br>Tá feithiclí a cláraíodh nó a cuireadh i seirbhís roimh an 1 Eanáir 1980 díolmhaithe ón gceanglas seo | (a) I gcás feithiclí a cláraíodh nó a cuireadh i seirbhís den chéad uair tar éis an dáta atá sonraithe sna ceanglais(1),<br><br>an teimhneacht a bheith níos airde ná an leibhéal a taifeadadh ar phláta monaróra na feithicle; | | X | |
| | (b) Mura bhfuil an fhaisnéis ar fáil nó mura gceadaítear, de réir na gceanglas(1), luachanna tagartha a úsáid,<br><br>i gcás inneall gnáthshúiteach: 2.5 $m^{-1}$,<br><br>i gcás inneall turbaluchtaithe: 3.0 $m^{-1}$,<br><br>nó, i gcás feithiclí atá sainaitheanta sna ceanglais nó a cuireadh i seirbhís den chéad uair tar éis an dáta atá sonraithe sna ceanglais(1):<br><br>1.5 $m^{-1}$.[14] | | X | |
| 8.3 Sochtadh trasnaíochta leictreamaighnéadaí | | | | |
| Trasnaíocht raidió (X)(2) | Aon cheann de na ceanglais(1) gan a bheith comhlíonta. | X | | |
| 8.4 Míreanna eile a bhaineann leis an gcomhshaol | | | | |
| 8.4.1 Sceitheanna leachta | Aon sceith leachta is dóigh a dhéanfaidh dochar don chomhshaol nó a bheidh ina bhaol d'úsáideoirí bóithre eile.<br><br>**Braonta ag teacht go rialta** | | X | X |
| **9. TÁSTÁLACHA BREISE LE hAGHAIDH FEITHICLÍ M2 AGUS M3 A IOMPRAÍONN PAISINÉIRÍ** | | | | |
| 9.1. Doirse | | | | |
| 9.1.1 Doirse isteach agus amach | (a) Oibriú lochtach | | X | |
| | (b) Bail meathlaithe | X | | |
| | Gortú duine dealraitheach | | X | |
| | (c) Rialú éigeandála lochtach | | X | |
| | (d) Cianrialú na ndoirse nó feistí rabhaidh a bheith lochtach | | X | |
| | (e) Ar neamhréir leis na ceanglais(1). | X | | |
| | Na doirse gan a bheith leathan a ndóthain | | X | |
| 9.1.2 Bealaí éalaithe | (a) Oibriú lochtach | | X | |
| | (b) Comharthaí do na bealaí éalaithe doléite | X | | |
| | Comharthaí do na bealaí éalaithe in easnamh | | X | |

14 Feithiclí a cineálcheadaíodh de réir na dteorainneacha i ró B de roinn 5.3.1.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 70/220/CEE arna leasú ag Treoir 98/69/CE nó níos déanaí; ró B1, B2 nó C de roinn 6.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 88/77/CEE nó feithiclí a cláraíodh nó a cuireadh i seirbhís den chéad uair tar éis an 1 Iúil 2008.

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | (c) Casúr chun an gloine a bhriseadh in easnamh | | X | |
| | (d) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br><br>Leithead neamhleor nó rochtain bhlocáilte | X | <br><br>X | |
| 9.2. Córas dínéalaithe agus díreoite (X) [2/] | (a) Ag oibriú go mícheart<br><br>Dochar á dhéanamh d'oibriú sábháilte na feithicle | X | <br><br>X | |
| | (b) Gáis thocsaineacha nó gáis sceite a bheith ag sceitheadh isteach in urran an tiománaí nó in urran na bpaisinéirí<br>Baol do shláinte daoine ar bord | | X | <br><br>X |
| | (c) Díreo lochtach (má tá sé éigeantach) | | X | |
| 9.3. Córas aerála agus téimh (X) [2/] | (a) Oibriú lochtach<br><br>Baol do shláinte daoine ar bord | X | <br><br>X | |
| | (b) Gáis thocsaineacha nó gáis sceite a bheith ag sceitheadh isteach in urran an tiománaí nó in urran na bpaisinéirí<br><br>Baol do shláinte daoine ar bord | | X | <br><br><br>X |
| 9.4. Suíocháin | | | | |
| 9.4.1 Suíocháin do phaisinéirí (lena n-áirítear suíocháin do phearsanra tionlacain) | (a) Bail lochtach ar shuíocháin<br><br>Suíocháin neamhdhaingne | X | <br><br>X | |
| | (b) Níl na suíocháin infhillte (má cheadaítear iad a bheith ann) ag obair go huathoibríoch<br><br>Tá na bealaí éalaithe á mblocáil | X | X | |
| | (c) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br><br>Thar an líon ceadaithe suíochán | X | <br><br>X | |
| 9.4.2 Suíochán an tiománaí (ceanglais bhreise) | (a) Feistí speisialta amhail sciath frithdhallta nó scáileán frithdhallrúcháin a bheith lochtach<br><br>réimse radhairc loite | X | <br><br>X | |
| | (b) Cosaint don tiománaí neamhdhaingean nó ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br><br>Gortú duine dealraitheach | X | <br><br>X | |
| 9.5. Soilsiú inmheánach agus feistí scríbe (X)[(2)] | Feiste lochtach nó ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]<br><br>Neamhoibríochtúil ar fad | X | <br><br>X | |
| 9.6. Stangairtí, spás seasaimh | (a) Urlár neamhdhaingean.<br><br>Dochar déanta don chobhsaíocht | | X | <br><br>X |
| | (b) Ráillí nó greamanna lochtacha<br><br>Neamhdhaingean nó do-úsaidte | X | <br><br>X | |
| | (c) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)].<br><br>Leithead nó spás neamhleor | X | <br><br>X | |
| 9.7. Staighre agus céimeanna | (a) Bail meathlaithe<br><br>bail mhillte<br>dochar déanta don chobhsaíocht | X | <br><br>X | <br><br><br>X |
| | (b) Céimeanna inghiorraithe ag oibriú go mícheart | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| | (c) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | Leithead neamhleor nó sárú ar an airde | | X | |
| 9.8. Córas cumarsáide le paisinéirí (X) [2/] | Córas lochtach | X | | |
| | Neamhoibríochtúil ar fad | | X | |
| 9.9. Fógraí (X)[(2)] | (a) Fógra in easnamh, earráideach nó doléite | X | | |
| | (b) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | X | | |
| | Faisnéis bhréagach | | X | |
| 9.10. Ceanglais maidir le hiompar páistí (X)[(2)] | | | | |
| 9.10.1 Doirse | Cosaint na ndoirse ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] maidir leis an gcineál seo iompair | | X | |
| 9.10.2 Trealamh comharthaíochta agus trealamh speisialta | Trealamh comharthaíochta nó trealamh speisialta in easnamh nó ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] | X | | |
| | | | X | |
| 9.11. Ceanglais maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas (X)[(2)] | | | | |
| 9.11.1 Doirse, rampaí agus ardaitheoirí | (a) Oibriú lochtach | X | | |
| | Dochar déanta d'oibriú sábháilte | | X | |
| | (b) Bail meathlaithe | X | | |
| | Dochar déanta do chobhsaíocht; gortú duine dealraitheach | | X | |
| | (c) Rialtán lochtach / rialtáin lochtacha. | X | | |
| | Dochar déanta d'oibriú sábháilte | | X | |
| | (d) Feiste lochtach rabhaidh / Feistí lochtacha rabhaidh. | X | | |
| | Neamhoibríoch ar fad | | X | |
| | (e) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | | X | |
| 9.11.2 Feistis do chathaoireach a rothaí | (a) Oibriú lochtach | X | | |
| | Dochar déanta d'oibriú sábháilte | | X | |
| | (b) Bail meathlaithe | X | | |
| | Dochar déanta don chobhsaíocht; gortú duine dealraitheach | | X | |
| | (c) Rialtán lochtach / rialtáin lochtacha. | X | | |
| | Dochar déanta d'oibriú sábháilte | | X | |
| | (d) Ar neamhréir leis na ceanglais[(1)]. | | X | |
| 9.11.3 Trealamh comharthaíochta agus | Trealamh comharthaíochta nó trealamh speisialta in easnamh nó ar neamhréir leis na ceanglais[(1)] | | X | |

| Mír | Cúiseanna mainneachtana | Easnaimh a mheasúnú | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Mion | Mór | Contúirteach |
| trealamh speisialta | | | | |
| 9.12. Trealamh speisialta eile (X)[2] | | | | |
| 9.12.1. Suiteálacha le haghaidh ullmhaithe bia | (a) Suiteáil ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | | X | |
| | (b) Suiteáil millte sa mhéid go mbeadh sé dainséarach úsáid a bhaint aisti. | | X | |
| 12.2 Feistiú sláintíochta | Feistiú ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| | gortú duine dealraitheach | | X | |
| 9.12.3 Feistí eile (e.g. córais chlosamhairc) | Ar neamhréir leis na ceanglais[1]. | X | | |
| | Dochar déanta d'oibriú sábháilte na feithicle | | X | |

NÓTAÍ :

(1) Leagtar 'ceanglais' síos le ceanglais chineálcheadaithe tráth an fhormheasa, tráth an chéadchláraithe nó tráth an chéadchuir i seirbhís agus le hoibleagáidí iarfheistithe nó le reachtaíocht náisiúnta sa tír chláraithe chomh maith.

Tugann an comhartha (X) le fios go mbaineann na míreanna le bail na feithicle agus lena hoiriúnacht le haghaidh úsáide ar an mbóthar ach ar míreanna iad nach meastar a bheith riachtanach i dtástáil ródacmhainneachta.

IARSCRÍBHINN IV

**AN tÍOSMHÉID A CHUMHDÓIDH DEIMHNIÚ RÓDACMHAINNEACHTA**

Cumhdóidh an deimhniú ródacmhainneachta a eisítear i ndiaidh tástála ródacmhainneachta na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

1) Uimhir Aitheantais na Feithicle (Uimhir VIN)

2) Uimhir phláta clárúcháin na feithicle agus siombal tíre an Stáit ina bhfuil sí cláraithe

3) Ionad agus dáta na tástála

4) An léamh ar an odaiméadar tráth na tástála, má tá fáil air

5) Catagóir na feithicle, má tá fáil air

6) Easnaimh arna sonrú agus an chatagóir ina bhfuil siad

7) Torthaí an tomhais:

   – Fiuchphointe nó cion uisce an leachta coscán

   – Fórsaí coscánaithe do gach roth, aerbhrú ionchuir i gcás córas aerchoscánaithe agus torthaí an áirimh maidir le héifeachtúlacht coscán

   – Tiúcháin astaíochtaí gásacha agus luach ríofa λ inneall peitril nó luachanna teimhneachta inneall díosail

8) Measúnú foriomlán ar an bhfeithicil

9) Dáta na chéad tástála ródacmhainneachta eile, mura soláthraítear an fhaisnéis sin ar bhealach eile

10) Ainm na heagraíochta nó an lárionaid tástála agus síniú nó céannacht an chigire atá freagrach as an tástáil.

IARSCRÍBHINN V

# NA hÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE SAORÁIDÍ RÓDACMHAINNEACHTA AGUS TREALAMH TÁSTÁLA

## I - Saoráidí agus trealamh

Comhlíonfaidh na saoráidí agus an trealamh a úsáidfear le haghaidh tástálacha ródacmhainneachta na híoscheanglais seo a leanas ar a laghad:

1) Saoráid tástála a mbeidh dóthain slí inti le feithicilí a mheasúnú agus a chomhlíonann na ceanglais sláinte agus sábháilteachta is gá agus is infheidhme maidir leis an bhfoireann tástála;

2) Lána tástála atá mór a dhóthain do gach tástáil, clais nó ardaitheoir ar a bhfuil feiste chun feithicil a ardú ar acastóir, ar a bhfuil soilse iomchuí feistithe agus, nuair is gá, ar a bhfuil feistí aeraithe;

3) Tástálaí coscán de chineál rollach atá in ann fórsaí coscánaithe a thomhas, a léiriú agus a thaifead, chomh maith le fórsa na dtroitheán agus an t-aerbhrú i gcórais aerchoscánaithe de réir Iarscríbhinn A de chaighdeán ISO 21069-1 maidir le ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le tástálaí coscán de chineál rollach;

4) Tástálaí coscán de chinéal rollach de réir ítim 3, gan na fórsaí coscánaithe taifeadta, fórsa na dtroitheán agus an t-aerbhrú sna córais aerchoscánaithe ná a scáileán taispeána a áireamh;

5) Tástálaí coscán de chineál pláta atá coibhéiseach leis an tástálaí coscán de chineál rollach de réir ítim 3, gan acmhainn taifeadta na bhfórsaí coscánaithe a áireamh, ná fórsa na dtroitheán ná scáileán taispeána an aerbhrú ar na córais aerchoscánaithe;

6) Ionstraim taifeadta luasmhoillithe; caithfidh ionstraimí tomhais neamhleantacha tomhais a thaifead/a stóráil ar a laghad 10 n-uaire in aghaidh an tsoicind;

7) Saoráidí chun córais aerchoscánaithe a thástáil;

8) Feiste chun na hualaí acasatóra a chinneadh (saoráidí roghnacha chun ualaí dhá roth a thomhas);

9) Feiste chun crochadh an rotha-acastóra a thástáil (brathadóir ligin rothaí) gan an t-acastóir a ardú, a chomhlíonfaidh na ceanglais seo a leanas:

   (a) Ní mór dhá phláta cumhachtoibrithe ar a laghad a bheith ar an bhfeiste, plátaí is féidir a bhogadh ina malairt treo: i bhfadtreo agus i dtrastreo;

   (b) Ní foláir an t-oibreoir a bheith in ann gluaiseacht na bplátaí a rialú ón suíomh tástála;

   (c) Comhlíonfaidh na plátaí na ceanglais theicniúla seo a leanas:

(i) i gcás feithiclí suas go 3.5. tonna:

Íosualach acastóra 2 000 kg,

Íosualach pláta 1 000 kg,

Íosfhórsa cothrománach 7 000 N in aghaidh an phláta,

Fadghluaiseacht agus trasghluaiseacht 40 mm ar a laghad,

Luas ardaithe 5 cm/s go 10 cm/s;

(i) i gcás feithiclí os cionn 3.5. tonna:

Íosualach acastóra 15 000 kg,

Íosualach pláta 9 000 kg,

Íosfhórsa cothrománach 30 000 N in aghaidh an phláta,

Fadghluaiseacht agus trasghluaiseacht 100 mm ar a laghad,

Luas ardaithe 5 cm/s go 10 cm/s;

10) Feiste chun éifeachtúlacht an mhaolaire turrainge a thástáil;

11) Méadar léibhéil fuaime, grád 1;

12) Anailíseoir 4-ghás de réir Threoir 2004/22/CE maidir le hionstraimí tomhais[15];

13) Feiste chun tomhais atá beacht a dhóthain a dhéanamh ar an gcomhéifeacht ionsúcháin;

14) Feiste dírithe ceannlampa amháin, a fhágann gur féidir cóiriú an cheannlampa a thástáil de réir na bhforálacha maidir le ceannlampaí mótarfheithiclí a shocrú (Treoir 76/756/CEE). Ní foláir an teorainn idir solas agus dorchadas a bheith so-aitheanta i solas an lae (gan solas díreach na gréine a bheith ann);

15) Feiste chun doimhneacht tráchta bonn a thomhas;

16) Feiste chun an leacht coscán a sheiceáil, de réir na gcritéar seo a leanas:

(a) ceadaítear feiste tástála leachta coscán chun an cion uisce a thástáil i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

nuair is féidir cion uisce 1.0 % go 2.5 % a léiriú,

ní foláir an luach tomhaiste a léiriú i gcéimeanna 0.5 % ar a mhéad,

---

[15] IO L 135, 30.4.2004, lch. 1.

ní foláir an fheiste a chalabrú; ní cheadaítear ach feistí ar a bhfuil scáileán taispeána analóige nach féidir a choigeartú;

(b) Ceadaítear feistí tástála leachta coscán chun an fiochphointe a thomhas i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

scáileán taispeána ar a léirítear 120° C go 210° C ar a laghad,

ní foláir an luach tomhaiste a léiriú i gcéimeanna 30° C ar a mhéad,

ní foláir an fheiste a chalabrú, ní cheadaítear ach feistí ar a bhfuil scáileán taispeána analóige nach féidir a choigeartú;

17) Uirlis scanacháin córas diagnóiseach ar bord.

Is féidir aon fheiste amháin a dhéanamh d'fheiste 12 agus feiste 13.

**II – Calabrú trealaimh arna úsáid le haghaidh tomhas**

Ach amháin má shonraítear a mhalairt sa reachtaíocht Eorpach ábhartha, ní bheidh an tréimhse idir dhá chalabrú i ndiaidh a chéile níos faide ná:

(i) 24 mí i gcás meáchan, brú agus leibhéal fuaime a thomhas;

(ii) 12 mhí i gcás fórsaí a thomhas;

(ii) 6 mhí i gcás astaíochtaí gásacha a thomhas.

**An trealamh atá ag teastáil chun tástáil ródacmhainneachta a dhéanamh**

| **Feithiclí** | | **Catagóir** | | **An trealamh atá ag teastáil do gach ítim atá liostaithe i Mír I** | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uasmhais | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 1. gluaisrothair | | | [1] | | | | | [2] | | | | | | | | | | | | |
| | | L1e | P | x | | | | | | | | | | X | x | | x | x | x | x |
| | | L3e,L4e | P | x | | | | | | | | | | X | x | | x | x | x | x |
| | | L3e,L4e | D | x | | | | | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | | L2e | P | x | x | | | | | | | | | X | | | x | x | x | x |
| | | L2e | D | x | x | | | | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | | L5e | P | x | x | | | | | | | | x | X | x | | x | x | x | x |
| | | L5e | D | x | x | | | | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | | L6e | P | x | x | | | | | | | | | X | | | x | x | x | x |
| | | L6e | D | x | x | | | | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | | L7e | P | x | x | | | | | | | | x | X | x | | x | x | x | x |
| | | L7e | D | x | x | | | | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 2. feithiclí a úsáidtear chun daoine a iompar | Suas go 2800 kg | M1,M2 | P | x | x | | x | x | | | | | x | X | x | | x | x | x | x |
| | Suas go 2800 kg | M1,M2 | D | x | x | | x | x | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 2800 go 3500 kg | M1,M2 | P | x | x | | x | x | | | | x | x | X | x | | x | x | x | x |
| | › 2800 go 3500 kg | M1,M2 | D | x | x | | x | x | | | | x | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | M2,M3 | P | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | x | | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | M2,M3 | D | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | | x | x | x | x | x |
| Feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar | Suas go 2800 kg | N1 | P | x | x | | x | x | | | | | x | X | x | | x | x | x | x |
| | Suas go 2800 kg | N1 | D | x | x | | x | x | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 2800 go 3500 kg | N1 | P | x | x | | x | x | | | | x | x | X | x | | x | x | x | x |
| | › 2800 go3500 kg | N1 | D | x | x | | x | x | | | | x | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | N2,N3 | P | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | x | | x | x | x | x |

**An trealamh atá ag teastáil chun tástáil ródacmhainneachta a dhéanamh**

| **Feithiclí** | | **Catagóir** | | **An trealamh atá ag teastáil do gach ítim atá liostaithe i Mír I** | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uasmhais | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| | › 3500 kg | N2,N3 | D | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | | x | x | x | x | x |
| Feithiclí speisialta díoraithe ó fheithicil de chatagóir N, T5 | Suas le 2800 kg | N1 | P | x | x | | x | x | | | | | x | X | x | | x | x | x | x |
| | suas le 2800 kg | N1 | D | x | x | | x | x | | | | | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 2800 go 3500 kg | N1 | P | x | x | | x | x | | | | x | x | X | x | | x | x | x | x |
| | › 2800 go 3500 kg | N1 | D | x | x | | x | x | | | | x | | X | | x | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | N2,N3, T5 | P | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | x | | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | N2,N3, T5 | D | x | x | x | | | x | x | x | x | | X | | x[3] | x | x | x | x |
| 3. Leantóir | Suas le 750 kg | O1 | | x | | | | | | | | | | | | | | x | | |
| | › 750 go 3500 kg | O2 | | x | x | | x | | | | | | | | | | | x | | |
| | › 3500 kg | O3,O4, R3,R4 | | x | x | x | | | x | x | x | x | | | | | | x | | |
| | Suas le 3 500 kg | R1,R2 | | x | x | | x | | | | | | | | | | | x | | |
| 4. Tarracóirí talmhaíochta agus feithiclí suas le 40 km/u | Suas le 3 500 kg | T1,T2,T3, T4, C1,C2, C3,C4, C5 | P | x | x | | | | x | | | | | | | | x | x | x | x |
| | Suas le 3 500 kg | T1,T2,T3 T4, C1,C2, C3,C4, C5 | D | x | x | | | | x | | | | | | | | x | x | x | x |
| | › 3500 kg | T1,T2,T3, T4, C1,C2, C3,C4, | P | x | x | | | | x | x | | | x | | | | x | x | x | x |

| An trealamh atá ag teastáil chun tástáil ródacmhainneachta a dhéanamh | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Feithiclí** | | **Catagóir** | | **An trealamh atá ag teastáil do gach ítim atá liostaithe i Mír I** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Uasmhais | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| | | C5 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | › 3500 kg | T1,T2,<br>T3 T4,<br>C1, C2,<br>C3,C4,<br>C5 | D | x | x | | | | x | x | | | | | | | x | x | x | x |

1) P…peitreal ; D…Díosal

IARSCRÍBHINN VI

## ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE hINNIÚLACHT, OILIÚINT AGUS DEIMHNIÚCHÁN CIGIRÍ

### 1. Inniúlacht

**Sula dtugtar údarú d'iarratasóir ar phost cigire na scrúduithe ródacmhainneachta a dhéanamh, fíoróidh na Ballstát an méid seo a leanas faoin duine sin:**

(a) go bhfuil cáilíocht aige a dheimhníonn go bhfuil aige an fhaisnéis agus an tuiscint a bhaineann le hinnealtóireacht feithicle sna réimsí seo a leanas:

– Meicnic.

– Dinimic.

– Dinimic feithicle.

– Innill dócháin.

– Ábhar agus próiseáil ábhair.

– Leictreonaic.

– Earraí leictreacha.

– Comhpháirteanna feithicle leictreonaí.

– Feidhmchláir TF.

(b) go bhfuil trí bliana ar a laghad aige de thaithí dhoiciméadaithe i réimse na hinnealtóireachta feithicle, an deisiúcháin nó na cothabhála,

### 2. Oiliúint tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaigheann cigirí an oiliúint tosaigh agus an oiliúint thréimhsiúil chuí, lena n-áirítear gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla, sula dtugtar údarú dóibh tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh.

Beidh na hábhair seo a leanas ar laghad san oiliúint tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil:

(a) Oiliúint tosaigh

Áireofar san oiliúint tosaigh a sholáthraíonn an Ballstát nó lárionad oiliúna údaraithe de chuid an Bhallstáit na hábhair seo a leanas ar a laghad:

(i) Teicneolaíocht feithicle:

– Córais choscánaithe,

– Córais stiúrtha,

– Réimsí radhairc,

– Feistiú soilse, trealamh soilsiúcháin agus comhpháirteanna leictreonacha,

– Acastóirí, rothaí agus boinn,

– Fonnadh agus cabhalra,

– Núis agus astaíochtaí,

– Ceanglais bhreise d'fheithiclí speisialta,

(ii) Modhanna tástála;

(iii) Easpaí a mheasúnú;

(iv) Ceanglais dhlíthiúla is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le bail na feithicle atá le ceadú;

(v) Ceanglais dhlíthiúla ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a bhaineann le tástáil ródacmhainneachta;

(vi) Forálacha riaracháin a bhaineann le ceadú, clárú agus tástáil ródacmhainneachta feithiclí;

(vii) Feidhmchláir TF a bhaineann le tástáil agus riarachán.

(b) Oiliúint thréimhsiúil

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cigirí gach bliain oiliúint thréimhsiúil a eagróidh an Ballstát nó lárionad oiliúna údaraithe de chuid an Bhallstáit.

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ábhar na hoiliúna tréimhsiúla ina chuidiú chun an fhaisnéis agus na scileanna atá de dhíth ar chigirí a choinneáil ar bord leis an aimsir agus a athnuachan, maidir leis na hábhair dá dtagraítear in (a), (i) go (vii) thuas.

**3. Deimhniú inniúlachta**

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú a eiseofar do chigire atá údaraithe le tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh, agus déanfar é a nuashonrú nuair is iomchuí:

– Céannacht an chigire (céadainm, sloinne, dáta breithe);

– Na catagóirí feithicle dá bhfuil údarú ag an gcigire tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh orthu;

– Dáta an chéad oiliúna athnuachana eile;

– Ainm an údaráis eisiúna;

– Dáta eisiúna;

IARSCRÍBHINN VII

## COMHLACHTAÍ MAOIRSEACHTA

Cumhdóidh na rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann leis na comhlachtaí maoirseachta arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 13 na híoscheanglais seo a leanas:

### 1. Cúraimí agus gníomhaíochtaí an chomhlachta maoirseachta

Déanfaidh na comhlachtaí maoirseachta na cúraimí seo a leanas ar a laghad:

(a) Lárionaid tástála a údarú:

– a fhíorú go gcomhlíontar na híoscheanglais maidir le háitreabh agus trealamh tástála;

– ceanglais éigeantacha an eintitis údaraithe a fhíorú;

– dea-cháil bhainisteoir agus cigirí an lárionaid tástála a sheiceáil.

(b) Cigirí a oiliúint agus a chur faoi scrúdú:

– oiliúint tosaigh cigirí a fhíorú;

– oiliúint thréimhsiúil cigirí a fhíorú;

– bainisteoirí an lárionaid oiliúna a oiliúint;

– oiliúint thréimhsiúil athnuachana scrúdaitheoirí an chomhlachta maoirseachta;

– scrúduithe a reáchtáil nó a mhaoirsiú.

(c) Iniúchóireacht:

– réamhiniúchóireacht an lárionaid tástála roimh údarú;

– athiniúchóireacht thréimhsiúil an lárionaid tástála;

– iniúchóireacht speisialta i gcás míréireachtaí;

– iniúchóireacht ar an lárionad oiliúna/scrúdaithe.

(d) Faireachán a dhéanamh agus úsáid á baint as cúig cinn ar a laghad de na bearta seo a leanas:

– ath-thástáil a dhéanamh ar chéatadán, atá bailí ó thaobh staitisticí, d'fheithiclí a bhfuil tástáil déanta orthu;

– iniúchtaí cois bóthair ar chéatadán, atá bailí ó thaobh staitisticí, d'fheithiclí a bhfuil tástáil déanta orthu;

– seiceálacha rúnsiopaera (é roghnach feithicil lochtach a úsáid);

– anailís ar thorthaí tástálacha ródacmhainneachta (modhanna staitistiúla);

– tástálacha achomhairc;

– gearáin a fhiosrú.

(e) Torthaí tomhais tástálacha ródacmhainneachta a bhailíochtú

(f) Údarú lárionad tástála agus/nó ceadúnas cigirí a tharraingt siar nó a chur ar fionraí:

– neamhchomlíontaí móra;

– mór-mhíréireachtaí braite;

– torthaí diúltacha ar iniúchóireachtaí arís is arís eile;

– dea-cháil caillte.

**2. Ceanglais a bhaineann leis an gcomhlacht maoirseachta**

(a) Caighdeán ISO/IEC 17020 'Critéir ghinearálta maidir le reáchtáil cineálacha éagsúla comhlachtaí a dhéanann iniúchtaí ', cineál A, a chomhlíonadh.

(b) Cumhdóidh na ceanglais is infheidhme maidir leis an bpearsanra arna fhostú ag comhlacht maoirseachta na réimsí seo a leanas:

– inniúlacht theicniúil;

– neamhchlaontacht;

– caighdeáin i ndáil le cáilíochtaí agus oiliúint.

**3. Inneachar na rialacha agus na nósanna imeachta**

Bunóidh gach comhlacht maoirseachta na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le comhlachtaí maoirseachta, agus áireofar leo na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) Ceanglais i ndáil le lárionaid tástála a údarú agus a mhaoirsiú:

– iarratas ar bheith mar lárionad tástála;

– freagrachtaí an lárionaid tástála;

– cuairt nó cuairteanna réamhúdaraithe, chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais ar fad;

– údarú lárionaid tástála;

– ath-thástálacha/iniúchóireachtaí tréimhsiúla ar lárionaid tástála;

– seiceálacha tréimhsiúla ar lárionaid tástálacha le fíorú go bhfuil na ceanglais fós á gcomhlíonadh;

- seiceálacha nó iniúchóireachtaí speisialta fianaisebhunaithe, gan fógra, ar lárionaid tástála;
- anailís ar shonraí tástála maidir le fianaise i ndáil le neamhchomhlíonadh;
- údaruithe arna ndeonú ar lárionaid tástála a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

(b) Cigirí lárionad tástála:

- ceanglais i ndáil le post an chigire;
- oiliúint tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil agus scrúduithe;
- deimhniúchán cigirí a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.

(c) Trealamh agus áitreabh:

- ceanglais i ndáil le trealamh tástála;
- ceanglais i ndáil le háitreabh tástála;
- ceanglais i ndáil le comharthaíocht;
- ceanglais i ndáil le trealamh tástála a chothabháil agus a chalabrú;
- ceanglais i ndáil le córais ríomhairithe.

(d) Comhlachtaí maoirseachta:

- cumhachtaí na gcomhlachtaí maoirseachta;
- ceanglais i ndáil le foireann na gcomhlachtaí maoirseachta;
- achomhairc agus gearáin.